An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council








# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006/2007

# CLÁR


Brollach 4
Tuairisc an Stiúrthóra 8
Forbhreathnú ar an gComhairle 11

**01 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ** **15**
1.1 | Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí 16
1.2 | Leanúntas Oideachais Múinteoirí 18

01|

**02 | RIALÚ NA GAIRME** **21**
2.1 | Clárú 22
2.2 | Seiceáil 27
2.3 | Feidhmeanna Imscrúdúcháin agus Araíonachta 29
2.4 | Na Cóid Iompair Ghairmiúil 30

02|

**03 | AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM** **31**
3.1 | Diosca Digiteach na Comhairle Múinteoireachta 32
3.2 | Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí 33
3.3 | Na Meáin 33
3.4 | Taispeántais 34
3.5 | Suíomh gréasáin ar leith 34

03|

**04 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE** **35**
4.1 | Gníomhaíochtaí Cumarsáide 36
4.2 | Sainaitheantas Corporáideach 42
4.3 | Seirbhís do Chustaiméirí 42
4.4 | Saoráil Fáisnéise 42
4.5 | Gaeilge 43
4.6 | Taighde 43

04|

**05 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL** **45**
5.1 | Feidhmiú le Struchtúr Coistí 46
5.2 | Rialachas Corparáideach 47
5.3 | Bainistíocht Acmhainní 48

05|

Aguisín 1 Baill na Comhairle 2005 go 2009 52
Aguisín 2 Coistí agus Grúpaí Oibre na Comhairle 54
Aguisín 3 Struchtúr Bainistíochta na Comhairle 56
Aguisín 4 Ráitis Airgeadais Iniúchta 57

# BROLLACH




Joan Ward, Cathaoirleach

*"Is cúis áthais dom an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 28 Márta 2007 a chur faoi bhúr mbráid.*

*Is comhlacht gairmiúil í an Chomhairle a bunaíodh ar 28 Márta 2006, faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Cuireann sí an mhúinteoireacht agus forbairt leanúnach ghairmiúil mhúinteoirí chun cinn agus déanann sí rialú ar chaighdeáin i ngairm na múinteoireachta".*

Meallann an mhúinteoireacht in Éirinn iarrathóirí ar ardchailibre chun na gairme agus tá ardmheas ar an ngairm ina bhfuil 55,000 cleachtóir. Tá múinteoirí réidh anois le tabhairt faoi chothú agus faoi rialú na gairme agus bíonn an deis acu a leithéid a dhéanamh trína n-ionadaíocht ar an gComhairle.

Tá tiomantas tugtha againne a bhfuil pribhléid ballraíochta ar an gComhairle againn ár ndualgas a chomhlíonadh agus sinn lán-eolach ar ár gcúraim i leith na sochaí agus na múinteoireachta. Cé go ndéanann mórchuid d'obair na Comhairle comhlánú ar na hiarrachtaí a leanann ó eagraíochtaí eile, bíonn an Chomhairle san airdeall i gcónaí ar an ról tábhachtach agus leithleach atá dlite uirthi mar chomhlacht gairmiúil agus rialaithe.



# BROLLACH


Le linn na bliana atá thart thug an Chomhairle faoi chlár dúshlánach oibre a chomhlíonadh agus tá coimriú le fáil ar an gclár sin sa Tuarascáil seo. Mar Chathoirleach, is cúis mhór áthais dom an dul chun cinn atá déanta ar Chlár Múinteoirí a bhunú agus ar Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú.

Agus machnamh á dhéanamh agam ar an Tuarascáil seo tá, dar liom, trí chroí-luach a bhí ag feidhmiú go lárnach sa dul chun cinn suntasach a tharla le bliain anuas. Is iad siúd an pháirtnéireacht, sármhaitheas sa mhúinteoireacht agus tiomantas don tseirbhís.

Téama forleatach í an pháirtnéireacht a nascann gach cuid d'obair na Comhairle agus beidh leiriú le fáil ar seo sa Tuarascáil. Cé gur múinteoirí iad tromlach baill na Comhairle, tá ionadaíocht freisin ag tuismitheoirí, ag comlachtaí bhainistíochta, ag oiliúnóirí múinteoirí, ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus ag an mórphobal. Tá an Chomhairle, dá réir sin, fréamhaithe go daingean i gcur chuige an pháirtnéireachais atá, agus a bheidh, lárnach san rath a thagann ar an gComhairle.

Tá sármhaitheas sa mhúinteoireacht mar ghné lárnach de mhisiún na Comhairle Múinteoireachta. Tá traidisiún láidir múinteoireachta againn in Éirinn, agus tá an t-ádh linn go bhfuil ardchumas oideachais agus tiomantais i mballraíocht na múinteoireachta. Tá sé léirithe ag suirbhéanna dearcaidh éagsúla go bhfuil ardmheas ag an bpobal ar mhúinteoirí agus is mór an tacaíocht don Chomhairle é seo agus í i mbun oibre. Ní ar thraidisiún amháin, áfach, a mhaireann ardleibhéil omóis, agus ní mór don ghairm leanúint lena dea-cháil a thuilleamh. Tá sé mar ról ag an gComhairle a dheimhniú go dtógann an ghairm ar an traidisiún saibhir atá ann cheana féin trí cháilíocht na múinteoireachta a chothú agus a fheabhsú.

Tá baill uile na Comhairle tiomanta do choincheap seirbhíse na Comhairle. Sa tslí chéanna le tiomantas mhúinteoirí ardchaighdeán sa tseirbhís ghairmiúil a sholáthar ina gcuid múinteoireachta, tá an Chomhairle tiomanta freisin do chomhlíonadh an ghné sin dá ról a dhíríonn ar





## BROLLACH

sheirbhís phoiblí a sholáthar. Is iad na mic léinn a bhíonn mar phríomhdhualgas gairmiúil ag múinteoirí. Tá an mhúinteoireacht mar phríomhdhualgas ag an gComhairle ach, ar ndóigh, tá dlúth-nasc idir an dá ghné seo mar bíonn an Chomhairle, agus í ag freastal ar mhúinteoireacht, ag freastal freisin ar mhic léinn toisc gurb iad siúd i ndeireadh a bheidh mar thairibhithe ar obair na Comhairle. Le linn na bliana, de réir mar a bhí polasaithe agus cleachtais á bhforbairt ag an gComhairle, bhí ceist shimplí amháin á cur aici: "An ar mhaithe lenár ndaoine óga a leithéid?". Creidim, agus sin faoi threoir ag an gceist seo, gur maith an freastal atá déanta againn ar mhúinteoirí agus ar dhaoine óga chomh maith.

Agus sin ag breathnú ar an mbliain atá le teacht, is léir go bhfuil dúshláin mhóra romhainn mar Chomhairle.

Rud nua do mhúinteoirí is ea an clárú éigeantach, mar atá dlite ag an Acht. Rud nua freisin an táille athnuachana a bheidh éigeantach don mhaoiniú, ag sealbhú dá réir sin neamhspleáchas na Comhairle. I ngeall ar seo ní mór don Chomhairle soiléiriú a dhéanamh go rialta ar na mórbhuntáistí a bhaineann leis an bhféin-rialú do mhúinteoirí ionas gur féidir aistriú cultúrtha a thabhairt chun cinn i measc múinteoirí.

Cuideoidh an tús a chuirfear le táille a ghearradh le neamhspleáchas a bhaint amach don Chomhairle agus eascróidh dúshláin freisin uaidh seo. Tá a lán déanta chun ullmhú dá leithéid agus tá Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta na Comhairle, maraon leis an bhfhoiste oibre ar Nósanna Imeachta, le moladh ar an dul chun cinn atá déanta acu.

Leanfaidh príomh-fhócas oibre na Comhairle ag díriú ar bhunú an Chláir agus beimid ag tnúth, da réir sin, le foilsiú na rialacháin chlárúcháin nuair a bhíonn an próiséas faomhaidh curtha i gcrích.

Beidh dúshlán ag baint leis an athbhreithniú ar chláir oiliúna mhúinteoirí, agus beidh sé dúshlánach freisin na hinniúlachtaí agus na caighdeáin eolais a bheidh de dhíth do





## BROLLACH

chleachtas na múinteoireachta a aithint. Mar chéad chéim, tosóidh an Chomhairle sna míonna atá romhainn ar pholasaí a fhorbairt don leanúntas in oiliúint mhúinteoirí, i gcomhairle le páirtnéirí an oideachais agus an tAire.

Beidh feidhm na taighde mar fhócas tábhachtach eile don Chomhairle agus tá an obair seo tosaithe cheana féin, de réir mar atá luaite sa Pholasaí Taighde. Tá sé i gceist ag an gComhairle, sa bhliain atá romhainn, an dara cuid de scéim na sparántachtaí taighde a fheidhmiú, agus pearsanra taighde a cheapadh ar bhonn conartha chun tacú lena cuid oibre i réimse oiliúna mhúinteoirí.

Cúram dochraideach atá i bhfeidhmeanna imscrúdaitheach agus araíonachta na Comhairle agus tá obair mhór curtha i gcrích ar thaighde a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr i ndlínsí eile ar mhaithe le pleanáil na Comhairle don ról seo.

Tréimhse spreagúil ach dúshlánach í seo, agus is mór an phribhléid agus an onóir domsa a bheith mar Chathaoirleach ar an gComhairle. Bhí tús rathúil againn, a bhuíochas sin do thiomantas bhall na Comhairle a bhíonn ag feidhmiú go deonach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh, agus do Susie Hall ach go háirithe, a bhí mar mhór-thaca agamsa agus ag baill uile na Comhairle, agus í ag feidhmiú mar Leaschathaoirleach i rith na bliana. Tá buíochas ag dul freisin don Aire Oideachais agus Eolaíochta agus dá hoifigigh as ucht na tacaíochta a thug siad don Chomhairle agus don fhoireann le linn a tréimhse bunaidh. Mar fhocal scoir, is mian liom mo mhór-ómós a chur in iúl do Stiúrthóir na Comhairle, Áine Lawlor, agus dá foireann as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht i gcaitheamh na bliana.

Joan Ward
Cathaoirleach

*"Leanfaidh príomh-fhócas oibre na Comhairle ag díriú ar bhunú an Chláir agus beimid ag tnúth, da réir sin, le foilsiú na Rialúcháin Chlárúcháin nuair a bhíonn an próiséas faomhaidh curtha i gcrích".*





# TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA



Áine Lawlor, Stiúrthóir

*"Céim mhór chun tosaigh i rith na bliana a bhí sa bhforbairt ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a d'eascair mar thoradh ar chomhairliúchán le múinteoirí agus le páirtnéirí uile an oideachais".*

Déanann an Tuarascáil Bhliantúil seo cur síos ar obair na Comhairle le linn na chéad bhliana ó lá a bunaíochta mar chomhlacht reachtúil ar 28 Márta 2006. Cleachtas fiúntach ann féin a bhí ann don Chomhairle an Tuarascáil a chur le chéile, mar chruthaigh sé an deis súil siar a chaitheamh ar bhliain an-ghnóthach agus peirspictíocht a fháil ar an mhór-ualach gníomhaíochta agus ar an dul chun cinn suntasach atá déanta.

Ag cruinniú tionscnaimh na Comhairle, ba léir mórchuid dúshlán ar ghá dul i ngleic leo le linn na bliana agus thug an Chomhairle go fonnmhar faoi na dúshláin seo trí chlár cuimsitheach oibre a chomhlíonadh. Sa Tuarascáil seo, tá dul chun cinn na Comhairle á thomhais i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna atá leagtha síos ag Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Táthar ag súil, sna tuairiscí a leanann, go ndéanfar an dul chun cinn a thomhais de réir gnóphleananna bliantúla a bheidh á gcur le chéile de réir na gcuspóirí a aithnítear i ndoiciméad Straitéis Chorporáideach na Comhairle. Tá sé i gceist ag an gComhairle chéad leagan den Straitéis Chorporáideach a chur ar fáil go luath sa bhliain 2008, a luaithe agus a mbítear tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí.

Bhí bunú Chlár na Múinteoirí mar phríomhfhócas oibre ag an gComhairle go dtí seo, agus is suntasach an dul chun cinn atá déanta ar an ngnó seo. Bunaíodh córas bunachar sonraí don Chlár agus dhréachtaigh an Chomhairle rialacha chun próiséas an chlárúcháin a rialú. Cuireadh feachtas cuimsitheach bolscaireachta chun cinn do phróiséas an chláraithe agus go dtí seo tá breis agus 40,000 múinteoirí a bhfuil a sonraí deimhnithe agus iad curtha ar an gclár.

Mar chuid den phróiséas ar mhúinteoirí a chlarú don chéad uair, bhí an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta feidhmiú mar chomhlacht údarásaithe don réamhsheiceáil ar mhúinteoirí nua. Le linn na bliana, chuir an Chomhairle breis agus 3,400 iarratas seiceála

# TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA






*"Ag cruinniú tionscnaimh na Comhairle, ba léir mórchuid dúshlán ar ghá dul i ngleic leo le linn na bliana agus thug an Chomhairle go fonnmhar faoi na dúshláin seo trí chlár cuimsitheach oibre a chomhlíonadh".*

faoi bhráid Lárionad Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána agus eisíodh Litreacha Deimhnithe chuig na hiarratasóirí ar an bhfáisnéisiú a tháinig chun cinn.

Céim mhór chun tosaigh i rith na bliana a bhí sa bhforbairt ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a d'eascair mar thoradh ar chomhairliúchán le múinteoirí agus le páirtnéirí uile an oideachais. Tá fáil go forleathan orthu seo anois agus tá tús curtha le próiséas úinéireachta na gCód.

I ngach gné dá saothar déanann an Chomhairle iarracht an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn agus cultúr a chruthú ina mbíonn meas agus ceiliúradh ar ról mhúinteoirí maidir le daoine óga a ullmhú don saol. Is céim thábhachtach chun tosaigh é foilsiúchán diosca digiteach na Comhairle "Croí na Múinteoireachta" mar chéad chéim sa bhfeachtas leanúnach ar dhearcadh an phobail i leith ghairm na múinteoireachta a shaibhriú.

I mí Márta 2007, sheol an Chomhairle Polasaí Taighde a chuireann fráma tagartha ar fáil chun a feidhm taighde a chur i gcrích. Áirítear sa pholasaí tiomantas do sholáthar sparántachtaí taighde do mhúinteoirí agus is léiriú é seo ar thiomantas na Comhairle don fhorbairt leanúnach ghairmiúil sa mhúinteoireacht.

Cé go mbíonn an Chomhairle dírithe go leanúnach ar na croí-chuspóirí atá leagtha síos san Acht, bíonn sí airdeallach freisin ar an gcuspóir uileghabhálach, is é sin, an dualgas maidir le heagraíocht éifeachtach agus cost-éifeachtúil a bhainistiú. Chun an cuspóir seo a chur i gcrích ní mór don Chomhairle struchtúir, córais agus próisis éifeachtacha a chothú agus a fhorbairt, agus an leas is fearr a bhaint as pé acmhainní atá ar fáil chuige sin. Le linn na bliana, feistíodh oifigí na Comhairle i gCampas Gnó Mhaigh Nuad agus bhog an Chomhairle isteach i Mí an Mheithimh 2006. Cuireadh córas éifeachtach bainistíochta airgeadais ar fáil, cuireadh ICT in oiriúint agus déanadh stráitéisí cumarsáide a fhorbairt. Earcú foirne a bhí

# TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA

mar phríomh-fhócas i mbainistíocht Acmhainní Daonna na Comhairle agus cuireadh i bhfeidhm Cód Cleachtais do Bhaill agus don Fhoireann.

Sa réamhfhocal ó Chathaoirleach na Comhairle, Joan Ward, tá béim leagtha aici ar thábhacht an pháirtnéireachais agus, le linn na bliana, bhunaigh an Chomhairle caidrimh éifeachtacha oibre le raon eagraíochtaí agus daoine aonair ar mhaithe le cur chun cinn na hoibre. Táimid, mar chomhlacht nuabhunaithe agus a lán le foghlaim againn, go mór faoi chomaoin ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ag na Comhairlí Múinteoireachta i dtíortha sa chomharsanacht , agus ag eagraíochtaí gairmiúla eile in Éirinn, ar a n-áirítear Comhairle na nDochtúirí Leighis, An Bord Altranais, agus Innealtóirí na hÉireann, gach ceann acu seo a thacaigh leis an gComhairle ina tréimhse tosaigh.

*"I ngach gné dá saothar déanann an Chomhairle iarracht an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn agus cultúr a chruthú ina mbíonn meas agus ceiliúradh ar ról mhúinteoirí maidir le daoine óga a ullmhú don saol".*

Is é an nádúr a bhaineann le túsfhocail ar an nós seo nach dtugann siad ach réamhbhlaiseadh ar a mbíonn bainte amach le linn na bliana ach tá fáil ar léargas níos iomláine ar obair na Comhairle i gcroí na Tuarascáile. Tá mór-éachtaí bainte amach sa chéad bhliain d'fheidhmiú na Comhairle mar chomhlacht reachtúil agus bhí tionchar nach beag ag tiomantas, ag díogras agus ag fís na mball ar a leithéid. Ba mhaith liom mo mhór-bhuíochas a chur in iúl do bhaill na Comhairle as ucht na tacaíochta a thug siad domsa, agus don fhoireann i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chlarú don fhoireann as ucht a ngairmiúlacht agus a dtiomantas le linn bliana a bhí ríghnóthach. Táim ag tnúth go fonnmhar leis na míonna atá romhainn nuair a bheidh na tionscnaimh reatha á bhforbairt, agus nuair a bheidh ról na Comhairle ag leathnú agus ag bláthú.



Áine Lawlor
Stiúrthóir





# FORBHREATHNÚ AR AN gCOMHAIRLE




*"Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil chun an mhúinteoireacht mar ghairm ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile a fhorbairt"...*



Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí Marta 2006 chun an mhúinteoireacht mar ghairm ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile a fhorbairt, chun forbairt ghairmiúil mhúinteoirí a chur chun cinn, agus chun caighdeáin a rialú sa ghairm.

Is iad seo go beacht sainchuspóirí na Comhairle:
- An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn
- Forbairt ghairmiúil leanúnach mhúinteoirí a chur chun cinn
- Clár múinteoirí a bhunú agus a choinneáil
- Gairm na múinteoireachta agus iompar gairmiúil mhúinteoirí a rialú
- Cothabháil agus feabhsú oideachais agus oiliúint mhúinteoirí a bhunú agus a fhorbairt
- Cothabháil agus feabhsú chaighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta a bhunú agus a forbairt.

# FORBHREATHNÚ AR AN gCOMHAIRLE




## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA

Seachtar ball is tríocha atá ar an gComhairle mar seo a leanas:

- aon mhúinteoir déag bunscoile, naonúr ó thoghacháin agus beirt ainmní ag aontas na múinteoirí
- aon mhúinteoir déag iarbhunscoile, seachtar ó thoghacháin agus ceathrar ainmní ag aontais na muinteoirí
- beirt ainmní ag na Coláistí Oideachais
- beirt ainmní ag eagrais tríú léibhéal
- ceathrar ainmní ag bainistíocht scoile (beirt ag léibhéal bunscoile agus beirt ag léibhéal iarbhunscoile)
- beirt ainmní ag cumainn tuismitheoirí (duine ag léibhéal bunscoile agus duine ag léibhéal iarbhunscoile) agus
- cúigear ainmní ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ina measc siúd ionadaí ó IBEC agus ionadaí eile ó ICTU.

Tá liosta iomlán na mball ar fáil in Aguisín 1. agus tá liosta ball na gCoistí agus na ngrúpaí oibre faoi seach léirithe ar Aguisín 2.

Tá tacaíocht ar fáil d'obair na Comhairle ó fhoireann faoi cheannasaíocht Stiúrthóir na Comhairle, Áine Lawlor. Ag deireadh na bliana, bhí faomhadh tugtha don Chomhairle do leibhéal foirne 28.5. Tá fáil ar struchtúr bainistíochta na Comhairle in Aguisín 3.



## COISTÍ NA COMHAIRLE

Déanann struchtúr Coiste éascaíocht ar an ngrinnobair atá le déanamh ag an gComhairle.

Tá se dlite in Alt 24 d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go ndéanfaí trí choiste reachtúil a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil don Chomhairle agus chun pé dualgais a leagann an Chomhairle orthu ó am go ham a chomhlíonadh. Is iad na trí choistí reachtúla sin ná an Coiste Feidhmiúcháin, an Coiste Imscrúdúcháin agus an Coiste Araíonachta. Leanann cur síos ar fhreagrachtaí agus ar bhallraíocht gach ceann de na coistí sin.

## AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Is é cuspóir an Choiste Feidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a reachtáil idir ghnáthchruinnithe ginearálta na Comhairle. Tá siad seo a leanas mar chuid de shainchuspóirí an choiste:

- Feidhmiú mar fhóram comhordaithe do ghníomhaíochtaí na Comhairle agus iad airdeallach ar ghníomhaíchtaí na gcoistí, agus meicníocht chomhordaithe acu le gníomhú ar thrasghnóthaí de réir mar a eascraíonn siad
- Gníomhú ar son na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta a eagrú i ngeall ar chúinsí ama nó cúinsí eile
- Tuairisciú go rialta don Chomhairle.

# FORBHREATHNÚ AR AN gCOMHAIRLE

Tá aon bhall déag den Chomhairle ar an gCoiste Feidhmiúcháin ar a n-áirítear Cathaoirleach na Comhairle, seisear ionadaithe de chuid na múinteoirí, beirt ainmní de chuid an aire agus beirt eile.

## AN COISTE IMSCRÚDÚCHÁIN

Nuair a cuireann an tAire Alt 5 d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta i bhfeidhm beidh an Chomhairle, nó aon duine eile, ábalta iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdúcháin maidir le hiniúchadh ar oiriúntacht don chleachtas aon mhúinteora sna cúinsí seo a leanas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlíonadh, nó má sháraigh sé/sí, Acht na Comhairle Oideachais, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hachtanna Ghairmoideachais, 1930 go dtí 1999 nó aon rialachán nó orduithe a ndéanfadh faoi na hAchtanna sin
- Má shíltear iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos san Acht
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchruinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífhaisnéis a bheith léirithe nó
- Muna mbíonn ar a c(h)umas teagasc i ngeall ar chúinsí leighis.

Ní bheidh baint ag an gComhairle ach an oiread le gnóthaí laethúla a bhaineann le conradh ná le haraíonacht, ná ní bheidh suntas á thabhairt ag an gComhairle do ghearáin ar féidir déileáil níos fearr leo ag an leibhéal áitiúil.

Tá aon bhall déag ar Choiste Imscrúdúcháin na Comhairle ar a n-áirítear Leaschathaoirleach na Comhairle, seisear múinteoir, ainmní de chuid an aire agus triúr eile.

## AN COISTE ARAÍONACHTA

De réir mar a oireann déanfaidh an coiste seo imscrúdú éisteachta ar ghearán a chuireann an Coiste Imscrúdúcháin faoina bhráid.

D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh ar a leithéid go ndéanfaí an clárú a aistharraingt go sealadach nó go buan.

Tá trí bhall déag ar an gCoiste Araíonachta ar a n-áirítear triúr déag maraon le Cathaoirleach na Comhairle, seachtar múinteoir, beirt ainmní de chuid an Aire agus triúr eile.

Maraon leis na trí choiste reachtúla seo, tá ceithre bhuanchoiste bunaithe ag an gComhairle. Is iad siúd, faoi seach, an Coiste Clárúcháin, an Coiste Oideachais, an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta.

## AN COISTE CLÁRÚCHÁIN

Tá sé luaite san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, go mba chóir don Chomhairle "a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, clár ar a dtabharfar Clár na Múinteoirí a bhunú agus a choimeád i cibé foirm agus i cibé slí a chinnfidh an Chomhairle". Tá sé mar chúram ar an gCoiste Clárúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí na n-iarratasóirí don chlarú mar mhúinteoirí.

Tá trí bhall déag ar an gCoiste Clárúcháin ar a n-áirítear seachtar múinteoir, ceathrar ainmniúchán agus beirt cheapachán de chuid an aire.

## AN COISTE OIDEACHAIS

Tá freagracht ag an gcoiste seo

# FORBHREATHNÚ AR AN gCOMHAIRLE

as aighneachtaí a dhréachtadh agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle ar réimse de ghnóthaí oibre na Comhairle. Áirítear i measc na hoibre seo na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a dhréachtadh, comhairle a sholáthar faoi riachtanais mhúinteoirí maidir le forbairt leanúnach ghairmiúil, agus stráitéis chumarsáide na Comhairle Múinteoireachta a fhorbairt.

Tá trí bhall déag den Chomhairle ar an gCoiste Oideachais agus orthu seo tá seachtar múinteoir, ceathrar ainmní agus beirt eile.

## AN COISTE AIRGEADAIS

Bíonn léirthuiscint ag an gCoiste Airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ina measc ullmhúchán an bhuiséid bhlaintúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le curamaí ginearálta riaracháin.

Seo iad feidhmeanna an choiste:

- Athhbhreithniú agus tuairisciú ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle
- Breathnú maidir le leagan amach an bhuiséid bhliantúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar dháileadh an chiste airgid
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le táillí agus tobhaigh speisialta na Comhairle
- Teagmháil a dhéanamh le, agus cuntais a ullmhú do, na hiniúchóirí.

Tá cúigear ball ar an gCoiste Airgeadais ar a n-áirítear triúr múinteoir, ainmní de chuid an aire agus ainmní amháin eile.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, ar smachtaí airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena dheimhniú go mbíonn siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtúil.

Tá seachtar ball ar an gCoiste Iniúchóireachta ar a n-áirítear beirt múinteoir, ceathrar ainmní de chuid an aire agus duine amháine.

Tá freisin, grúpaí oibre bunaithe ag an gComhairle agus bíonn siad seo ag plé le seiceáil, nósanna imeachta agus Gaeilge faoi seach.

Tá mionsonraí ballraíochta gach coiste de chuid na Comhairle maraon le ballraíocht na ngrúpaí oibre ar fáil in Aguisín 2.





# 01 CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

San "Athbhreithniú ar Oideachas in Éirinn" a rinne an OECD i 1991 luadh go raibh an t-ádh le tír na hÉireann san ardcháilíocht a bhain le múinteoirí na tíre. Ar an gcaoi chéanna, i ndoiciméid uile na 1990í, bhí an Rialtas moltach faoi obair mhúinteoirí. I dTuarascáil Chúlra na Tíre d'Éireann a ullmhaíodh mar chuid de thuairisc an OECD, "Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers" i 2005 bhí sé seo le rá "...entry to teacher education is still highly competitive from well-qualified candidates, (and) teacher education, both pre-service and in-service, is well regarded". Níl aon amhras dá réir sin maidir le hardcháilíocht na múinteoireachta in Éirinn.

# 1 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ



*"Gur gá cáilíocht na múinteoireachta a athbhreithniú, a chothabháil agus a fheabhsú go rialta ionas gur féidir forbairt na gairme a bheith ag teacht leis na tuairimí agus leis an taighde is déanaí agus go mbeidh sí ag freagairt i gcónaí do riachtanais sochaí a bhíonn ag athrú agus ina mbíonn múinteoirí ag obair".*

San "Athbhreithniú ar Oideachas in Éirinn" a rinne an OECD i 1991 luadh go raibh an t-ádh le tír na hÉireann san ardcháilíocht a bhain le múinteoirí na tíre. Ar an gcaoi chéanna, i ndoiciméid uile na 1990í, bhí an Rialtas moltach faoi obair mhúinteoirí.

I dTuarascáil Chúlra na Tíre d'Éireann a ullmhaíodh mar chuid de thuairisc an OECD, 'Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers' i 2005 bhí sé seo le rá "...entry to teacher education is still highly competitive from well-qualified candidates, (and) teacher education, both pre-service and in-service, is well regarded". Níl aon amhras dá réir sin maidir le hardcháilíocht na múinteoireachta in Éirinn. Is léir, mar sin féin, gur gá cáilíocht na múinteoireachta a athbhreithniú, a chothabháil agus a fheabhsú go rialta ionas gur féidir forbairt na gairme a bheith ag teacht leis na tuairimí agus leis an taighde is déanaí agus go mbeidh sí ag freagairt i gcónaí do riachtanais sochaí a bhíonn ag athrú agus ina mbíonn múinteoirí ag obair.

Déanann Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, cur síos ar an riachtanas, inter alia, maidir le "cáilíocht na múinteoireachta sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú". Cuirtear leis seo in Alt 7 den Acht mar a ndéantar cur síos ar fheidhmeanna na Comhairle. Ag eascairt as seo tá ardcháilíocht teagaisc mar cheann de na croí-luachanna a threoraíonn an Chomhairle ina cuid oibre. Cuidíonn an luacháil seo leis an gComhairle i ngach gné da cuid oibre ach is fearr an tagairt atá le feiceáil dá leithéid sa dá réimse seo:

- Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Leanúntas Oideachais Múinteoirí

## 1.1 | CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Múinteoireachta, 2001 "cóid iompar gairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil ar a n-áirítear caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta". Tosaíodh ar an bpróiséas ar na Cóid a dhréachtadh i 2005 agus déanadh na Cóid a lainseáil i mí Márta 2007.

### 1.1.1 | DRÉACHTADH NA GCÓD

Thosaigh dréachtadh na gCód i Mí Meán Fómhair 2005 chun

# 1 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

riachtanais an Achta a shásamh, agus bhí neart cur agus cúiteamh faoin leagan amach, faoi na teidil, faoi na haltanna, faoi na habairtí agus faoi na focail. Is trí bhaill na Comhairle a fheidhmíonn mar ionaduithe, ní hamháin don ghairm, ach don Aire, do na heagrais bhainistíochta, do na ceardchumainn, d'oiliúnoirí múinteoirí, do thuismitheoirí agus do na comhpháirtithe sóisialta, a déanadh na seisiúin chomhairliúcháin a reachtáil. Ag eascairt as dhá thréimhse comhairliúcháin cuireadh roinnt aighneachtaí chun cinn agus glacadh cúram maidir le haird a thabhairt ar gach ceann acu seo.

## 1.1.2 | AN PRÓISÉAS CUMARSÁIDE

Tar éis na Cóid a dhréachtadh, thug an Chomhairle faoi phróiséas díospóireachta/plé ina leith. Foilsíodh na Dréacht Chóid agus na cáipéisí don phlé ar shuíomh idirlín na Comhairle i Samhain 2006. Tharla cruinniú eolais do na páirtnéirí uile tráth an ama céanna agus lean cruinnithe réigiúnacha do mhúinteoirí é seo. Tá fáil ar shonraí na gcruinnithe sin i bhFigiúir 1

## 1.1.3 | FOILSIÚ NA GCÓD

I ndiaidh an phróisis cumarsáide rinne an Chomhairle leasuithe breise ar an doiciméad mar thoradh ar an aischothú a bhí faighte tríd an bproiséas. Foilsíodh na Cóid ar 28 Márta 2007 ag ócáid cheiliúraidh chéad bhliana bunaíochta na Comhairle. Céim mhór chun tosaigh a bhí i bhfoilsiú na gCód, ní hamháin don Chomhairle Mhúinteoireachta, ná go deimhin do ghairm na múinteoireachta, ach dóibh siúd uile i bpobal an oideachais. Ag an ócáid seo d'fháiltigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. roimh na Cóid agus dúirt, "Cuireann teacht i láthair na gCód seo le hardú stádais agus meanmain do ghairm na múinteoireachta agus cuidíonn siad le gnéithe an tseirbhís phoiblí agus na freagrachta den ról".

## 1.1.4 | DÁILEADH NA GCÓD

Tar éis don Chomhairle na Cóid a fhoilsiú ar 28 Márta 2007 tosaíodh próiséas chun na Cóid a dháileadh ar gach múinteoir, ar pháirtnéirí oideachais agus ar na leabharlanna poiblí go léir.




| DÁTA | IONAD |
|---|---|
| Dé Céadaoin 24 Eanáir | Ionad Oideachais na hUaimhe |
| Dé Céadaoin 31 Eanáir | Ionad Oideachais Chill Chainnigh |
| Déardaoin 01 Feabhra | Oriel House Hotel, Baile an Chollaigh, Corcaigh |
| Dé Luain 05 Feabhra | Ionad Oideachais Átha Luain |
| Dé Máirt 06 Feabhra | Ionad Oideachais Luimní |
| Dé Céadaoin 07 Feabhra | Ionad Oideachais na Gaillimhe |
| Dé Luain 12 Feabhra | Ionad Oideachais Chaisleán a'Bharraigh |
| Dé Máirt 13 Feabhra | Ionad Oideachais Áth Cliath Thiar |
| Déardaoin 15 Feabhra | Ionad Oideachais Shligigh |

Fig. 1 | Sceideal na gCruinnithe Réigiúnacha maidir leis na Dréacht Chóid ar Iompar Gairmiúil

# 1 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

## 1.2 | LEANÚNTAS OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ

Tá cumhachtaí suntasacha bronnta ag an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ar an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le cáilíocht oideachais Múinteoirí a chinntiú. Tá coimriú le fáil i bhFigiúir 2 ar leathanach 20 ar na forálacha ábhartha.

Beidh an Chomhairle, agus na feidhmeanna seo á gcur i gcrích aici, ag tabhairt go hiomlánaíoch faoin bpróiséas agus cuirfear léiriú leantach ar fáil d'oideachas múinteoirí a leanfaidh ón tréimhse réamhsheirbhíse, chuig ionduchtú agus ar aghaidh chuig an fhorbairt ghairmiúil. Ar mhaithe le cur i láthair na tuarascála seo, áfach, déantar an cur chun cinn i ngach ceann de na réimsí a liostáil go haonarach.

### 1.2.1 | IONDUCHTÚ

In Alt 7(2)(f) deirtear go gcuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm nósanna imeachta maidir le múinteoirí a ionduchtadh isteach i ngairm na múinteoireachta. Agus an Chomhairle á hullmhú féin don ghnó seo, tugadh cuireadh d'aoichainteoirí cur i láthair a chur faoi bhráid an Choiste Oideachais. I mí Bealtaine 2006, thug Mary Burke uasal ó Chlár Náisiúnta Píolótach ar Ionduchtú Múinteoirí láithriú don choiste ar na haidhmeanna agus na cuspóirí a bhain le colún bunoideachais an togra sin, agus ar an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin. I mí Dheireadh Fómhair 2006, thug an Dochtúir Maureen Killeavy ón Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, láithriú den chineál céanna ach i ag tagairt do leibhéal an iarbhunoideachais.

### 1.2.2 | OILIÚINT RÉAMHSEIRBHÍSE MÚINTEOIRÍ

Déanann Alt 38(1) den Acht dualgais na Comhairle maidir le cláir oiliúna réamhseirbhíse do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú. (Féach Figiúir 2). Chun cuidiú lena heolas sa ghnó seo, tá an Chomhairle i mbun taighde ar na cleachtais atá in úsáid ag comhlachtaí gairmiúla eile agus ag Comhairlí Múinteoireachta i ndlistiní eile.

Bhí cur i láthair ag an gComhairle i Mí na Nollag 2006 ó Denis McGrath uasal, Cláraitheoir le hInnealtóirí na hÉireann (EI), maidir le hahbhreithniú an EI ar chláir innealtóireachta triú leibhéal. Thug an Chomhairle cuireadh i mí Márta do phearsanra na nOllscoileanna agus na gColáistí Oideachais páirt a ghlacadh i bhfóram plé ar oiliúint mhúinteoirí. Ag an gcruinniú seo, thug an Stiúrthóir coimriú ar ról na Comhairle maidir le hoideachas múinteoirí agus leag sí béim ach go háirithe ar an bhfreagracht maidir le cúrsaí a athbhreithniú.

### 1.2.3 | OIDEACHAS LEANÚNACH GAIRMIÚIL

Tá cur síos in Ailt 7(2)(h) agus 39 d'Acht um Chomhairle



# 1 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

Mhúinteoireachta, 2001, ar fhreagrachtaí na Comhairle maidir le hOideachas Leanúnach Gairmiúil Múinteoirí (feách Figiúir 2). Toisc nach bhfuil na codanna seo den Acht i bhfeidhm go fóill níor thug Coiste Oideachais na Comhairle tosaíocht don ghnó seo sa bhliain a chríochnaigh 28 Márta 2007. Tá, áfach, léiriú le fáil ar a tiomantas d'oideachas leanúnach gairmiúil múinteoirí trasna na bhfeidhmeanna go léir. Ábhair suntais ar leith is iad a polasaí taighde agus a comhdháil náisiúnta.


### POLASAÍ TAIGHDE NA COMHAIRLE

Sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta polasaí taighde i mí Márta 2007 chun creatlach, ina gcuirfidh an Chomhairle a feidhm taighde i gcrích, a chur ar fáil. (Féach cuid 4.6 thíos ar leathanach 43). Thagair an Chomhairle sa cháipéis seo don tábhacht a bhain leis an oideachas forbartha leanúnach do mhúinteoirí agus dhearbhaigh go gcuirfí méid áirithe den bhuiséad bliantúil ar fáil chun sparántachtaí taighde a sholáthar do mhúinteoirí cláraithe a bheidh i mbun taighde cleachtas bhunaithe. Déanadh an chéad scéim dá leithéid a sheoladh i mí Bealtaine 2007.

### COMHDHÁIL NÁISIÚNTA

Thosaigh an Chomhdháil ag pleanáil dá céad Comhdháil Naisiúnta i mí Meán Fómhair 2006. Ag an am sin ba mhó cur agus cúiteamh a bhí ann maidir le tábhacht na comhdhála mar chuid d'oiliúint leanúnach múinteoirí. Dá réir sin, d'aontaigh an Chomhairle go gcuirfí líon áirithe áiteanna ar fáil ag an gcomhdháil do mhúinteoirí, agus go gclúdófaí táille na comhdhála do na múinteoirí seo. Tháinig an Chomhairle ar chomhréiteach freisin leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le costais ionadaíochta a chlúdach do mhúinteoirí a bheidh ag freastal ar an gcomhdháil, agus scríobhadh chuig na boird bhainistíochta uile ag lorg a gcomhoibriú maidir le héascaíocht a dhéanamh do mhúinteoirí ar mian leo freastal ar an gcomhdháil.





PROGRAMME

Teaching Council Conference

Galway Bay Hotel, Salthill, Galway - 18 and 19 October, 2007

About this conference:

This conference is the first national conference being organised by the Teaching Council, the statutory body which promotes teaching as a profession. The Council hopes, through this conference, to publicly recognise not only the many challenges which teachers have faced in recent years but, also, the extraordinary level of commitment and professionalism shown by teachers in the face of such challenges.

Who should attend?

The Council is confident that this conference will have much to offer teachers as part of their professional development. It will also be of interest to parents, school managers, teacher educators and all the education partners.

Booking a place:

A booking form for the conference will be available from the Council's web-site www.teachingcouncil.ie from 16 April 2007. It can also be obtained by calling 01-6517900. A number of places will be reserved for teachers and the conference fee (€200) will be waived for these teachers.

# 1 | CÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

| AILT AN ACHTA | FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE |
|---|---|
| 7 (2) (f)* | • Nósanna imeachta a bhunú i ndáil le hinsealbhú múinteoirí i ngairm na múinteoireachta. |
| 7(2)(g)* | • Nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh promhadh múinteoirí, lena n-áirítear tréimhsí promhaidh. |
| 7 (2) (h) | Comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le:<br>• Caighdeáin íosta na gcáilíochtaí oideachais is gá chun dul isteach i gcláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí<br>• Forbairt ghairmiúil múinteoirí. |
| 7(2) (m) | • Cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun críche cláraithe. |
| 38 (1) | • Na cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a sholáthraíonn forais ardoideachais agus ardoiliúna sa Stát a athbhreithniú agus a chreidiúnú<br>• Na caighdeáin oideachais agus oiliúna is cuí do dhuine a bheidh ag dul isteach i gclár oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú, agus<br>• Na caighdeáin eolais oilteachta agus inniúlachta is gá do chleachtadh na múinteoireachta a athbhreithniú<br>Agus tabharfaidh sí comhairle don Aire agus, de réir mar is choí léi, don na foras lena mbaineann. |
| 39* | • Oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn<br>• Taighde a sheoladh ar oideachas agus oiliúint leanúnach agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí<br>• Feasacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta agus i measc an phobail ar na tairbhí a ghabhann le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus le forbairt ghairmiúil<br>• Cláir a bhaineann le hoideachas agus oiliúint leanúnach do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú<br>• Cibé feidhmeanna eile i ndáil le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a shannfaidh an tAire don Chomhairle a chomhlíonadh |

Fig. 2 | Feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta i leith Leanúntas Oideachais Múinteoirí

** Níl na codanna seo den Acht ag feidhmiú go fóill*



# 02 RIALÚ NA GAIRME

Tá clárú agus rialú múinteoirí foráilte faoi Acht um Chomhairle Múinteoireachta, 2001, agus déanann an tAcht dualgais na Comhairle Múinteoireachta ina leith seo a rianadh. Is iad na mór-éachtaí ata bainte amach sa réimse seo leagtha amach sa chaibidil seo.

# 2 | RIALÚ NA GAIRME



Tá clárú agus rialú múinteoirí foráilte faoi Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus leagann an tAcht amach dualgais na Comhairle Múinteoireachta ina leith seo a rianadh. Is iad na mór-éachtaí atá bainte amach sa réimse seo a leanas ná.

## 2.1 | CLÁRÚ

### 2.1.1 | CLÁR MÚINTEOIRÍ A BHUNÚ

Éilíonn Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, mar atá foráilte in Alt 7(2)(c), go ndéanfaí "clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil".

Is é seo ceann de phríomhdhualgais na Comhairle Múinteoireachta. Nuair a bhíonn sé críochnaithe, beidh an Clár seo mar fhoinse luachmhar ar an eolas is déanaí ar mhúinteoirí agus beidh a leithéid mar mhórchuidiú ag an gComhairle nuair a bhíonn comhairle á chur ar an Aire maidir le soláthar múinteoirí. Ar an gClár beidh ainm, sonraí teagmhála, uimhir chláraithe, stádas cláraithe, sonraí fostaíochta, stair seirbhíse agus cáilíochtaí gach múinteoir atá cáilithe le múineadh i scoil aitheanta in Éirinn.

Cuideoidh a leithéid le fostóirí nuair a bhíonn siad ag earcú foirne, agus le tuismitheoirí agus baill an phobail a bhfuil sé de cheart acu eolas a bheith acu faoi stádas chláraithe mhúinteoirí agus deimhniú acu go bhfuil a gcáilíochtaí aitheanta ag an gComhairle.

In Alt 30 d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta tá sé dlite go mbeadh liostáil ar an gclár mar réamhriachtanas fostaíochta do mhúinteoirí i scoileanna aitheanta. Ciallaíonn sé seo, a luaithe agus a thosaíonn Alt 30, nach mbeifear ábalta múinteoirí a fhostú i scoileanna aitheanta ná iad a íoc ó chistí an Oireachtais muna mbíonn siad ar an gClár. Déanadh a lán





# 2 | RIALÚ NA GAIRME

dul chun cinn le linn na bliana ar bhunú an chláir:

### FÍORÚCHAN SONRAÍ

Mar chuid den phróiséas ar Chlár do Mhúinteoirí a bhunú chuir an Chomhairle Foirmeacha Fíorúcháin chuig gach múinteoir a bhí sa tseirbhís ar Lá na Bunaíochta (28 Márta 2000), agus iarradh orthu fíricí na sonraí a dheimhniú maraon le heolas breise a sholáthar, eolas go príomha maidir lena gcáilíochtaí agus a sonraí teagmhála. Mórualach oibre a bhí ann d'fhoireann na Comhairle na foirmeacha seo a phróiseáil agus leanann an obair seo go fóill.

Dar le hAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta tugadh aitheantas cláraithe ar feadh tréimhse dhá mhí déag do dhaoine a bhí fostathe i scoileanna aitheanta ar an Lá Bunaíochta ach iarratas ar chlarú a chur faoi bhráid na Comhairle laistigh den bhliain, rinneadh athnuachan ar a gclárúchán ar feadh bliaina amháin eile ina dhiaidh sin. Chun éascaíocht a dhéanamh ar an bpróiséas seo, cuireadh litir le foirm iarratais chuig gach múinteoir. Baineadh úsáid as barrachód agus chuidigh sé seo leis an gComhairle na foirmeacha a tháinig ar ais a phróiseáil laistigh de mhí amháin.

Ag am an fhoilsithe seo, bhí sonraí breis agus 40,000 múinteoir fíoraithe agus curtha ar an gclár. Tá na mionsonraí ar na rannóga éagsúla le fáil i bhFigiúir 3 agus léiriú tugtha ar na cineálacha éagsúla cláraithe. A luaithe agus a bhíonn sonraí na múinteoirí eile fíoraithe, beidh sé dlite go mbeidh Clár na Múinteoirí bunaithe.

### CLÁRÚ MÚINTEOIRÍ NUACHÁILITHE

Tá socruithe ar leith i bhfeidhm chun múinteoirí nuacháilithe a chlárú. Bíonn cruinnithe ag pearsanra na Comhairle Múinteoireachta le mic léinn sa bhliain dheireanach dá gcúrsa oideachais don mhúinteoireacht chun iad a chur ar an eolas faoin bpróiséas clárúcháin, agus le linn na bliana tionóladh 26 cruinniú dá leithéid seo.

Cuirtear socruithe i bhfeidhm leis na mic léinn, agus leis na colaistí oideachais agus na hollscoileanna chun mionsonraí na mac léinn a aistriú go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Níl ach 783 as an 1464 céimí bunscoile de chuid 2006 a bhfuil iarratas curtha isteach acu ar chlárú. Ag leibhéal na hiarbhunscoile bhí 1184 céimí i 2006. Níl ach 646 acu seo a chuir iarratas isteach don chlárú. Ní bheidh an clárú mar réamh-riachtanas fostaíochta i scoileanna go dtí go dtosaíonn Alt 30 of d'Acht na Comhairle Múinteoireachta.

Fig. 3 | Fíorúchán ar Shonraí Múinteoirí (Na Figiúir seo ag tagairt do Mheán Fómhair 2007)

| RANNÓG | CLÁRAITHE AR AISTRÍODH A SONRAÍ Ó ÚDARÁIS FOSTAÍOCHTA AGUS AR FÍORAÍODH NA SONRAÍ INA DHIAIDH SIN | CLÁRAITHE NUA* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|
| Bunoideachas | 22,926 | 1,585 | 24,511 |
| Iarbhunoideachas | 13,243 | 1,436 | 14,679 |
| Breisoideachas | 1,000 | 12 | 1,012 |
| Iomlán | 37,169 | 3,033 | 40,202 |

**Céimithe 2006 san áireamh anseo maidir leis na sonraí Bunscoile agus Iarbhunscoile thuas.*

# 2 | RIALÚ NA GAIRME



*"Ionas gur féidir clárú mar mhúinteoir ní mór d'iarratasóirí cáilíochta atá inghlactha ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith acu".*

## Clárú múinteoirí nach bhfuil a gcáilíochtaí aitheanta faoi láthair ag an gComhairle Mhúinteoireachta


Ionas gur féidir clárú mar mhúinteoir ní mór d'iarratasóirí cáilíochta atá inghlactha ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith acu. Muna dtugtar aitheantas láithreach do cháilíochtaí, m.sh. i gcas iarratais ó mhúinteoirí bunscoile nó meánscoile ó thíortha AE nó gan iad a bheith ó thíortha AE, ní mór mionsonraí a gcáilíochtaí a chur faoi bhráid na Comhairle don mheasúnú.

Chun an próiséas seo a bhainistiú bhunaigh Coiste Clárúcháin na Comhairle dhá Phainéal Iarratais chun athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí na measúnóirí seachtracha maidir le hoiriúntacht don mhúinteoireacht ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile faoi seach. Is ó rannóga oideachais na n-ollscoileanna, ó na hInstitiúidí Teicneolaíochta, ó mhúinteoirí, agus ón tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal a roghnaíodh na meastóirí seachtracha (SLSS). Bhí an cineál seo oibre déanta cheana ag a lán acu seo don Chomhairle Clárúcháin. Bunaíodh grúpa nua comhairleoirí don obair ar cháilíochtaí bunscoile toisc gurbh iad cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a rinne an

# 2 | RIALÚ NA GAIRME







obair seo cheana. Is ó na Coláistí Oideachais a roghnaíodh na comhairleoirí seo.

Tháinig Painéal na nIarratas Iar-Bhunoideachais le chéile cúig uaire le linn na bliana agus, maraon leis na comhairleoirí seachtracha, thosaigh an obair ar mhionchritéir cáilíochta agus measúnaithe d'iarratasóirí bunoideachais a chur le chéile. Tháinig mór-iomlán de 877 iarratas aitheantais ar cháilíochtaí bunoideachais faoi bhráid na Comhairle le linn na bliana.

Tháinig Painéal na nIarratas Iar-Bunoideachais le chéile deich n-uaire le linn na bliana. D'eagraigh an Chomhairle cruinniú freisin i Maigh Nuad i mí na Samhna 2006 le comhairleoirí na n-ábhar. Tháinig mór-iomlán de 543 iarratas aitheantais ar cháilíochtaí bunoideachais faoi bhráid na Comhairle le linn na bliana, ar a n-áirítear 25 iarratas ó sholáthróirí triú leibhéal a bhí ag lorg aitheanatis do chúrsaí céime.

### 2.1.2 | TÁILLE CLÁRÚCHÁIN

Is go bliantúil a bheidh athnuachan le déanamh ar an gclárúchán agus beidh táille clárúcháin bliantúil le híoc ionas go mbeidh an Chomhairle ag feidhmiú mar chomhlacht féin-mhaoinithe. Chuir an Chomhairle moladh faoi bhráid

# 2 | RIALÚ NA GAIRME

an Aire le linn na bliana maidir le méid an táille. Táthar faoi láthair ag iniúchadh na féidearthachta i leith an chostais clárúcháin a cheadú do liúntas cánach. Glactar leis go mbeidh an táille do athnuachan cláraithe i bhfeidhm sa bhliain 2008.

### 2.1.3 | ROCHTAIN A FHÁIL AR AN GCLÁR

Le linn na bliana d'eisigh an Chomhairle pasfhocail ar leith chuig gach múinteoir ionas go mbeidh ar a gcumas a sonraí uile a rochtain ar líne. Beidh ar a gcumas freisin, in am tráth, roinnt dá gcuid sonraí a athrú ar líne.

Tá a lán dul chun cinn déanta freisin maidir le comhéadan poiblí a dhearadh ar an gclár a thabharfaidh deis d'fhostaithe, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne eolas áirithe a rochtain ar stádas cláraithe mhúinteoirí.

Beidh múinteoirí cláraithe agus baill an phobail ábalta an clár a rochtain go luath sa bhliain 2008 ar aghaidh.

### 2.1.4 | TEASTAIS CHLÁRÚCHÁIN

Nuair a bhíonn Clár na Múinteoirí bunaithe eiseoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta Teastas Clárúchán chuig gach múinteoir cláraithe. Déanfaidh na teastais seo stádas cláraithe múinteoirí a dheimhniú. Eiseofar teastais chláraithe ar bhonn cás aon uaire chuig gach múinteoir cláraithe agus nuair a athraíonn stádas cláraithe an mhúinteora eiseofar teastais nua. Le linn na bliana, thosaigh an Chomhairle leis an bpróiseas Teastas clárúcháin a dhearadh.

### 2.1.5 | RIALACHA CLÁRÚCHÁIN

Tá dréachtadh déanta, agus aonaithe, ag an gComhairle ar Rialacha Clárúcháin agus cuireadh iad seo faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta dá bhfaomhadh le linn na bliana. Leanann an próiséas faomhaidh. Idir an dá linn, glacann an Chomhairle leis an status quo maidir le cáilíochtaí a mheas, i.e. is iad na rialacha atá ann faoi lathair do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile a rialaíonn cinntí go fóill.

### 2.1.6 | FEACHTAS EOLAIS MAIDIR LEIS AN GCLÁRÚ

Cuireadh roinnt fógraí sna nuachtáin náisiúnta le linn na bliana chun múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis an bpróiséas clárúcháin agus na






spriocdhátaí a bhí le teacht. Tugadh suntas sa bhfógraíocht do shonraí teagmhála na Comhairle Múinteoireachta ar mhaithe leo siúd a bhí ag lorg eolais faoi aon ghné den chlárú. Déanadh teagmháil go díreach tríd an bpost freisin maraon le haltanna in irisí cheardchumainn na múinteoirí agus i meáin ar leith eile.

## 2.2 | SEICEÁIL

D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D., i mí an Mheithimh 2006 go ndéanfaí leathnú ar na socruithe seiceála do dhaoine a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar leanaí nó ar dhaoine fásta leochaileacha. D'eascair a leithéid de chinneadh ó na moltaí a rinne an Coiste Idir-rannach ar Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána.

Tá socruithe seiceála ag feidhmiú le tamall maidir le cúntoirí riachtanas speisialta agus le coimhdeachtaithe bus. Dar le hImlitir 0094/2006 thosaigh an seiceáil mar réamh-riachtanas ag tús na bliana acadúla 2006/2007 do mhúinteoirí nua agus d'aon cheapúcháin nua eile a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar leanaí nó ar dhaoine fásta leochaileacha. Is ionann "múinteoirí nua" agus daoine nua-cháilithe nó daoine nach raibh fostaithe i scoil aitheanta nó aonad aitheanta laistigh de thréimhse na trí bliana is déanaí.

### 2.2.1 | RÓL NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA AGUS ÚDARÁIS SCOILEANNA


Mar chuid den phróiséas ar mhúinteoirí a chlarú don chéad uair, d'aontaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta feidhmiú mar chomhlacht údaraithe don réamhsheiceáil ar mhúinteoirí nua-cháilithe. Is éard atá i gceist leis seo don Chomhairle ná go ndéantar:

- Glacadh agus seiceáil a dhéanamh ar Fhoirmeacha Iarratais do Sheiceáil an Gharda Síochána ó choláistí, ó ollscoileanna agus ó dhaoine aonair
- Iarratas a chur faoi bhráid an Láraonad Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána (LRGS) chun an próiséas seiceála a chomhlíonadh do gach múinteoir
- Glacadh le Fáisnéisiú Seiceála an Gharda Síochána ón LRGS nuair a bhíonn an tseiceáil críochnaithe
- Litir Seiceála a eisiúint chuig gach iarratasóir seiceála a chuireann torthaí an phróisis seiceála in iúl dóibh.

Glanann sé seo riachtanas na scoileanna dul i dteagmháil go díreach leis an LRGS chun eolas seiceála a lorg ar mhúinteoirí nua.
Tá sé mar chúram ar na húdaráis scoile éagsúla (Bord Oideachais nó Coiste Gairmoideachais de réir mar is cuí) a dheimhniú go ndéantar seiceáil ar aon cheapachán nua nó ar aon duine a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar leanaí nó ar dhaoine fásta leochaileacha. Ní cóir a leithéid a lorg ach má bhíonn sé i gceist post a ofráil don duine. Maidir le múinteoirí nuacháilithe, mar atá luaite thuas, ní mór do scoileanna a dheimhniú go n-éilíonn siad ón bhfostaí atá le ceapadh an Litir Seiceála ón gComhairle Mhúinteoireachta sula ndéantar post a ofráil go hoifigiúil.

## 2 | RIALÚ NA GAIRME







### 2.2.2 | DUL CHUN CINN

Le linn na bliana, iarradh ar chéimithe uile na bliana 2006 gnáthfhoirm ar Iarratas Seiceála an Gharda Síochána a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Bhí foireann ar leith ag an gComhairle a rinne gach ceann acu seo a sheiceáil chun a dheimhniú go raibh siad comhlánaithe i gceart sular cuireadh ar aghaidh chuig an LRGS iad. Cuireadh gach ceann de na hiarratais faoi bhráid an LRGS agus tháinig torthaí an Gharda Síochána ar ais.

Tháinig roinnt iarratais freisin do sheiceáil an Gharda Síochána uatha siúd a bhí ag filleadh ar an mhúinteoireacht tar éis tréimhse trí bliana nó níos mó, nó ó iarratasóirí eile ar nós daoine a cháiligh thar lear.

Is é mór-iomlán na n-iarratas a tháinig chun cinn le linn na bliana seo caite ná 3,402. agus éisíodh litreacha réamhscrúdaithe tar éis fála ar ais na dtorthaí sin.

## 2.2.3 | AN GRÚPA SEICEÁLA

Beidh ar an gComhairle Mhúinteoireachta, i gcomhthács an chláraithe nuair a bhíonn sé ag feidhmiú go hiomlán, cinntí a dhéanamh maidir le hoiriúntacht i gcás múinteoirí a bhíonn cúisithe agus ciontach i ngnó éigin. Tá Grúpa Seiceála bunaithe ag an gComhairle chun measúnú a dhéanamh ar an eolas a thagann ar ais ón LRGS. Tháinig an grúpa seo le chéile trí huaire le linn na bliana agus tá treoir-phrionsabail á ndreachtadh acu faoi láthair chun cuidiú leo agus iad ag breathnú ar chiontuithe a thagann chun cinn.

## 2.3 | FEIDHMEANNA IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS ARAÍONACHTA

### 2.3.1 | RÓL NA COMHAIRLE

I gCuid V d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 déantar feidhmeanna imscrúdúcháin agus araíonachta na Comhairle a rianadh. Is féidir leis an gComhairle, nó le haon duine eile, iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdúcháin maidir le hiniúchadh ar oiriúntacht do chleachtas aon mhúinteora sna cúinsí seo a leanas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlíonadh, nó má sháraigh sé/sí, Acht na Comhairle Oideachais, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go dtí 1999 nó aon rialacha, rialacháin nó orduaithe déanta faoi na hAchtanna sin
- Más shíltear iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos san Acht
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchruinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífhaisnéis a bheith léirithe nó
- Muna mbíonn ar a c(h)umas teagasc i ngeall ar chúinsí leighis.

Déanann coiste Araíonachta na Comhairle, nuair a bhíonn sé oiriúnach é a dhéanamh, éisteacht ar ghearán a chuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin faoina bhráid.





D'fhéadfadh sé eascairt óna leithéid d'eisteachtaí go ndéanfaí clárú a aistharraingt ar bhonn sealadach nó go buan.

Níl Cuid V den Acht ag feidhmiú go fóill, agus sula dtosaíonn sé, tá an Chomhairle i mbun ullmhúcháin don ghnó seo trí thaighde a dhéanamh ar na cleachtais is fearr i ndlínsí eile agus i gcomhlachtaí gairmiúla eile.

### 2.3.2 | CRUINNITHE DE NA COISTÍ IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS ARAÍONACHTA

D'eagraigh na Coistí Imscrúdúcháin agus Araíonachta comhchruinnithe nuair a bhí na baill á gcur féin ar an eolas maidir lena rólanna, agus iad féin a ullmhú d'atreorúcháin ar oiriúntacht don mhúinteoireacht. Tháinig siad le chéile cúig uaire i rith na bliana.

Mar chuid dá bpróiséas foghlama, rinne na baill staidéar ar na cleachtais araíonachta atá ag feidhmiú le heagraíochtaí gairmiúla eile agus sna Comhairlí Múinteoireachta i dtíortha sa gharthimpeallacht, agus thosaigh siad dá réir ar chur chuige a fhorbairt chun iarratais a phróiseáil agus chun plé le fiosrúcháin.

### 2.4 | NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

In Alt 41 d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 tugtar sainmhíniú ar mhí-iompar gairmiúil mar seo a leanas:

Gabháil d'iompar atá contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle
Gabháil d'aon iompar míchuí ina cháil bó ina cáil gairmiúil nó ar shlí eile ar da bharr atá sé nó sí neahfheidhmiúil chun múineadh.

Tá an Chomhairle, tríd na gCoiste Oideachais, tar éis Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú atá ag teacht le freagracht na Comhairle i leith: "cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí, lena n-áirítear caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil".

Tá eolas breise faoi fhorbairt na gCód le fáil i gCuid 1.1 ar leathanach 16.








# 03 AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM

Tá dúshláin agus luaíochtaí ag baint le gairm na múinteoireachta agus tá an t-ádh le pobal na hÉireann go gcuireann iarratasóirí ar ardcháilíocht isteach ar an múinteoireacht. Tá sé mar chuid de ról na Comhairle Muinteoireachta a dheimhniú go leantar le daoine ardcháilithe a mhealladh isteach sa ghairm. Tá se dlite in Alt 7(2) (a) d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, gur faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé "an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn".

# 3 | AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM

Tá dúshláin agus luaíochtaí ag baint le gairm na múinteoireachta agus tá an t-ádh le pobal na hÉireann go gcuireann iarratasóirí ar ardcháilíocht isteach ar an múinteoireacht. Tá sé mar chuid de ról na Comhairle Mhuinteoireachta a dheimhniú go leantar le daoine ardcháilithe a mhealladh isteach sa ghairm. Tá se dlite in Alt 7(2) (a) d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, gur faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé "an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn".

Tá an cuspóir a bhaineann le cur chun cinn na gairme mar bhunchloch ar obair uile na Comhairle agus déantar gach deis a thapú chun cailíocht na múinteoireachta in Éirinn a cheiliúradh go poiblí. Eagraíodh, áfach, imeachtaí ar leith le linn na bliana seo caite a bhí ag díriú go príomha ar an ról seo a chomhlíonadh.

## 3.1 | DIOSCA DIGITEACH NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA

I mí Iúil 2006, d'fháiltigh an Chomhairle Mhúinteoireachta roimh thairiscintí chun DVD a chruthú a dhéanfadh an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn agus a thabharfadh leiriú ag an am céanna ar fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta. Thosaigh an obair ar an DVD i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus déanadh scannánaíocht i mbunscoileanna agus i meánscoileanna i gceantair éagsúla.

Seoladh an DVD, ar a dtugtar "Croí na Múinteoireachta", i mí Marta 2007. Déanann sé ceiliúradh ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn agus dearbhaíonn sé an ról luachmhar atá ag múinteoirí cuidiú le daoine óga barr maitheasa a bhaint amach agus iad ag ullmhú don saol. Déanann sé cur síos freisin ar an ról tábhachtach atá ag an gComhairle maidir le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tá leagan amach an DVD faoi 5 mhórtheideal:

- Ról
- Freagracht
- Meas
- Clú
- Athnuachan

Is féidir breathnú ar an DVD ina iomláine, nó mar chúig chuid ar leith, gach ceann acu mar aonad

*"Seoladh an DVD, ar a dtugtar "Croí na Múinteoireachta" déanann sé ceiliúradh ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn agus dearbhaíonn sé an ról luachmhar atá ag múinteoirí cuidiú le daoine óga barr maitheasa a bhaint amach agus iad ag ullmhú don saol".*





# 3 | AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM

ann féin. Moltar é ach go háirithe dóibh siúd a bhfuil rogha gairme le déanamh acu, agus beidh sé úsáideadh chun eolas a chur ar fáil dóibh siúd atá ag smaoineamh ar an mhúinteoireacht sa mhéid is go dtugtar léargas ann ar an sásamh atá le fáil ón ngairm.

## 3.2 | NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Cé go mbaineann na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí le gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ní do mhúinteoirí amháin iad agus is féidir le haon duine ar mian leis/léi tuiscint níos fearr a fháil ar ghairm na múinteoireachta in Éirinn faoi láthair iad a léamh. Dearbhaíonn siad iompar agus cleachtas gairmiúil múinteoirí agus is dearbhú a leithéid ar ionracas agus ar stádas na gairme.

Tá eolas breise ar fáil ar leathanach 16 ar fhorbairt na gCód.

## 3.3 | NA MEÁIN

Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta go gcruthaíonn na meáin bealaí éifeachtacha le heolas a chur in iúl mar aon le bheith éifeachtach iontu féin ar





Teaching Council puts trust in teachers to self-regulate

Responsibility for regulating their profession is being put in the hands of teachers, writes Education Correspondent **Niall Murray**

THE formal establishment of the Teaching Council is a historic landmark for the profession in this country.

The legislation providing for its establishment gives self-regulatory powers to the estimated 55,000 people teaching in the country's primary and second-level schools, further education colleges, Youthreach and other centres.

The Teaching Council Act was passed in 2001 and is the result of decades of lobbying by many activists in the union movement.

New council bids to put Irish teaching standard top of the class

**by Niall Murray**
Education Correspondent

TEACHERS will be vetted by the Teaching Council which was formally established by Education Minister Mary Hanafin yesterday.

And the new watchdog will have the power to sack bad teachers whose performance isn't up to scratch in the classroom.

The council has agreed to undertake the issue of vetting for teachers in conjunction with the Department of Education and gardaí, although the exact procedures ...

... with world-class teacher education at initial, induction and in-career stages, and through a career structure and rewards to retain good teachers and build morale," she said.

Association of Secondary Teachers Ireland (ASTI) general secretary John White said the council will play an important role in enhancing the profession.

"It will protect standards of entry to teaching, foster best practice in continuing professional development and provide teachers with the opportunity to contribute to the development ...

**Council to regulate teaching professionals is launched**

SEÁN FLYNN, EDUCATION EDITOR

The performance of the new Teaching Council will be measured in part by the manner in which it deals with underperforming teachers, Minister for Education Mary Hanafin said yesterday.

She was speaking at the official launch of the council, which will be responsible for regulating and maintaining standards in the profession.

From now on, all teachers will be required to register with the council and those guilty of serious professional malpractice will face deregistration.

Ms Hanafin acknowledged on RTÉ radio recently that schools found it very difficult to take effective action against underperforming teachers.

Official Department of Education figures show that two post-primary and four primary teachers were dismissed for disciplinary reasons since 1999.

Joan Ward, chairwoman of the council, said it would represent a new model of self-regulation, where the stress would be on partnership and openness. The objectives of the Teaching Council are:

- to regulate the teaching profession and the professional conduct of teachers;
- to establish and promote the maintenance and improvement of standards in teacher education and training;
- to promote the continuing education, training and professional development of teachers.

The council is made up of 37 members including 11 primary teachers, nine of whom are elected and two of whom are teacher union nominees. There are also 11 post-primary teachers, seven of whom are elected and four of whom are teacher union nominees.

Other nominees include those drawn from the colleges of education and third-level colleges, as well as school management and parents' associations. The minister has also nominated five members, including one representing each of Ibec and Ictu.

Ms Hanafin said the new council represented an important milestone in the history of the Irish education system.

"For the first time, teachers through their democratically elected representatives, together with parents, unions and management will work collectively as a council to promote and regulate teaching as a profession . . . All aspects of its work will be towards achieving the highest standards of teaching and learning in our schools."

John Carr, general secretary of the INTO, said no occupational group could simply claim professional freedom and control. "Professional endorsement and recognition is given in return for the delivery of a high-quality and effective service," he said.

*Editorial comment: page 17*

# 3 | AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM

eolas a scaipeadh. Is mian leis an gComhairle deiseanna a thapú chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus, dá réir sin, tá roinnt preas ráiteas eisithe agus roinnt dréachtai curtha i gcló.

## 3.4 | TAISPEÁNTAIS

Bíonn deiseanna luachmhara ag taispeántais ghairme chun an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn dóibh siúd a bhfuil cinneadh gairme le déanamh amach anseo. Bhí seastán ag an gComhairle ar a leithéid de thaispeántas in Ollscoil na Gaillimhe i mí Feabhra 2007, agus ag am priontála tá beart déanta freastail ar roinnt taispeántas eile le linn na bliana acadúil 2007/2008.

## 3.5 | SUÍOMH GRÉASÁIN AR LEITH

Tá sé i gceist ag an gComhairle suíomh gréasáin ar leith a fhorbairt a bheidh tiomanta dá cuid oibre ar an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn. Dá réir sin, ceannaíodh an t-ainm fearainn www.teach.ie le linn na bliana ionas gur féidir an fhorbairt seo a thosú san am atá romhainn.



*"Tá sé i gceist ag an gComhairle suíomh gréasáin ar leith a fhorbairt a bheidh tiomanta dá cuid oibre ar an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn."*





# 04 CUMARSÁID AGUS TAIGHDE

Tuigeann an Chomhairle, chomh maith le haon eagraíocht eile, go mbeidh an-tionchar ag an mbealach ina ndéantar cumarsáid le múinteoirí agus le grúpaí eile ar an dearcadh a bheidh acu siúd ar an eagraíocht. Déanann an Chomhairle iarracht, i ngach gné dá cuid oibre, na príomh phobail a aithint agus an Chomhairle a bhuanú ina n-aigne ar bhealach cruinn comhsheasmhach agus caidrimh éifeachtacha a bhunú le gach grúpa acu trí chlár eagraithe leanúnach de ghníomhaíochtaí cumarsáide.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint freisin le feidhm Taighde na Comhairle toisc go dtacaíonn na gníomhaíochtaí taighde léi a croí-fheidhmeanna a chur i gcrích.

# 4 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE



Tuigeann an Chomhairle, chomh maith le haon eagraíocht eile, go mbeidh an-tionchar ag an mbealach ina ndéantar cumarsáid le múinteoirí agus le grúpaí eile ar an dearcadh a bheidh acu siúd ar an eagraíocht. Déanann an Chomhairle iarracht, i ngach gné dá cuid oibre, na príomh phobail a aithint agus an Chomhairle a bhuanú ina n-aigne ar bhealach cruinn comhsheasmhach agus caidrimh éifeachtacha a bhunú le gach grúpa acu trí chlár eagraithe leanúnach de ghníomhaíochtaí cumarsáide.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint freisin le feidhm Taighde na Comhairle toisc go dtacaíonn na gníomhaíochtaí taighde léi a croí-fheidhmeanna a chur i gcrích.




## 4.1 | GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE

### 4.1.1 | NUACHTLITIR

D'eisigh an Chomhairle trí eagrán dá nuachtlitir dátheangach le linn na bliana. Eisíodh an chéad cheann ar an lá céanna le Lá na Bunaíochta ar 28 Márta 2006 agus scaipeadh é seo go forleathan i Samhradh 2006. Foilsíodh an dara eagrán i mí Dheireadh Fómhair 2006 i bhformaid leictreonach amháin. Eisíodh an triú nuachtlitir ag am tráth cheiliúradh bliana ar lá bunaíochta na Comhairle. Tá na trí cinn acu seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Tar éis roinnt moltaí a bheith curtha ar fáil ag leitheoirí roghnaíodh 'Oide' i mí Meán Fómhair 2006 mar ainm ar nuachtlitir na Comhairle. Tríd na scoileanna ba mhó a cuireadh iad seo ar fáil do mhúinteoirí.

Sa mheán- nó sa bhfad-téarma beidh cead ag múinteoirí cláraithe a rogha seoladh a ainmniú chun an nuachtlitir a fháil, agus chun a rogha de chóip leictreonach nó de chruachóip a fháil.

# 4 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE

## 4.1.2 | ÓCÁIDÍ

Bhí deis ag ócáidí i rith na bliana príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl dóibh siúd is mó a bhíonn mar lucht éisteachta ag an gComhairle.

- Ag Lá Bunaíochta na Comhairle i dTeach Ardmhéara Bhaile Átha Cliath ar 28 Márta 2006 fógraíodh aidhmeanna agus cuspóirí na Comhairle d'eagraíochtaí a bhíonn ag freastal ar mhúinteoirí agus do Pháirtnéirí uile an oideachais.

- Bhí seimineár ar na Dréacht Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, a tionóladh i mí na Samhna 2006, mar chuid tabhachtach den phróiséas comhairliúcháin a d'úsáid an Chomhairle nuair a bhí na Cóid á gcur i gcrích. Bhí freastal maith ar an seimineár ag na heagraíochtaí éagsúla a bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle

- Bhí deis ag an gComhairle, le linn sraith cruinnithe sna hIonaid Oideachais, múinteoirí a chur ar an eolas faoi na Dréacht Chóid. Bhí siad úsáideach freisin sa mhéid is gur tapaíodh an deis ról agus feidhmeanna na Comhairle a chur in iúl don Chomhairle agus aischothú a fháil ó mhúinteoirí ar obair na Comhairle go dtí sin.

- Le linn Ócáid Cheiliúraidh Chéad Bhliana na Comhairle i mí Márta 2007 thapaigh an Chomhairle an deis na páirtneirí oideachais a uasdhátú maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ó lá na bunaíochta agus maidir le heisiúintí nua ar nós na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, agus an DVD, "Croí na Múinteoireachta".

## 4.1.3 | BILEOGA

D'fhoilsigh an Chomhairle dhá bhileog neamhfhoirméalta le linn na bliana. Déanann ceann acu seo réamheolas ginearálta a thabhairt




ar rólanna agus ar fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta agus tá an bhileog seo dírithe ar an bpobal i gcoitinne ar a n-áirítear freisin múinteoirí, mic léinn, tuismitheoirí agus eagraíochtaí bainistíochta scoile. Déanann an dara bileog cur síos ar an bpróiséas clárúcháin agus tá sí seo dírithe ar mhúinteoirí. Bileoga dátheangacha atá sa dá cheann agus is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh idirlín na Comhairle.

## 4.1.4 | CUR I LÁTHAIR

D'eagraigh an Chomhairle móriomlán de 26 cuairteanna ar ollscoileanna agus ar Choláistí Oideachais le linn na bliana. Le linn na gcuairteanna seo thug an Stiúrthóir nó ball den Chomhairle cur i láthair do na mic léinn sa bhliain dheireanach dá gcúrsaí faoin gclárúchán agus faoin bpróiseas seiceála. Rinneadh cur i láthair freisin do roinnt mhaith eagraíochtaí a bhí ag freagairt do na páirtithe leasmhara san oideachas.

## 4.1.5 | TAISPEÁNTAIS

Is bealach úsáideach é freastal ar thaispeántais chun teagmháil a

dhéanamh go pearsanta le grúpaí ar leith ar a n-áirítear ábhair oidí agus iad siúd atá ag smaoineamh ar ghairm a roghnú. Tá sé i gceist ag an gComhairle a bheith i láthair ag roinnt taispeántais gach bliain. I mí Feabhra 2007, bhí seastán ag an gComhairle ag an Expo Oideachais in Ollscoil na Gaillimhe. Ag an taispeántas sin rinne an Chomhairle plé le réimse ceisteanna ó mhic léinn sa bhliain dheireanach dá gcúrsa agus ó dhaoine eile a bhí ag machnamh ar thabhairt faoi chlár an Dioplóma Iarchéime san Oideachas.

## 4.1.6 | DIOSCA DIGITEACH ILÚSÁIDE


Seoladh an DVD, ar a dtugtar "Croí na Múinteoireachta", i mí Marta 2007. Déanann sé ceiliúradh ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn agus dearbhaíonn sé an ról luachmhar atá ag múinteoirí cuidiú le daoine óga barr maitheasa a bhaint amach agus iad ag ullmhú don saol.



Mary Kennedy agus Joan Ward i dteannta le páistí as Scoil Uí Fhiaich, Maigh Nuad ag seoladh DVD na Comhairle, Croí na Múinteoireachta.

Fig. 4 | Cuairteanna ar Shuíomh Idirlín na Comhairle ó Iúil 2006 go Márta 2007






| | Iúl.06 | Lún.06 | M.F.06 | D.F.06 | Samh.06 | Noll.06 | Ean.07 | Feab.07 | Már.07 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuairteanna | 3929 | 7067 | 9119 | 8765 | 8978 | 9882 | 15108 | 12756 | 25946 |

# 4 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE

Déanann sé cur síos freisin ar an ról tábhachtach atá ag an gComhairle maidir le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Is uirlís tábhachtach cumarsáide é an DVD agus baineann an Chomhairle úsáid as chun tacú le hócáidí cumarsáide eile ar nós a clár imeachtaí agus taispeántais. Beidh sé mar ghné lárnach den suíomh idirlín bolscaireachta www.teach.ie atá á phleanáil faoi láthair.

Tá eolas breise ar an DVD ar fáil i gcuid 3.1 ar leathanach 32.

## 4.1.7 | SUÍOMH IDIRLÍN

Seoladh suíomh idirlín na Comhairle, www.teachingcouncil.ie ar Lá na Bunaíochta agus déantar uasdhátú air go rialta chun a dheimhniú go mbíonn sé ag feidhmiú mar fhoinse luachmhar eolais do mhúinteoirí agus do dhaoine eile. Cé nach bhfuil figiúirí ar fáil do líon na gcuairteanna ar an suíomh seo ó Mhárta 2006 go Meitheamh 2006, léiríonn na figiúirí ón data sin ar aghaidh go bhfuil an-tóir ar an ngréasán, le níos mó ná 11,000 de mheán-cuairteanna in aghaidh na míosa. Níos suntasaí fós, b'fhéidir, léiríonn pátrún na gcuairteanna méadú de réir a chéile, le líon na gcuairteanna míosúla ag ardú ó 3939 i mí Iúil 2006 go dtí beagnach 26,000 i mí Márta 2007. Féach Fig. 4 do na mionsonraí.

## 4.1.8 | FÓGRAÍOCHT

Bhain an Chomhairle úsáid as fógraíocht prionta sna nuachtáin náisiúnta ar roinnt ócáidí le linn na bliana. Tá sceideal na bhfógraí a cuireadh sna páipéir le fáil i bhFig. 5, seachas na fógraí úd a foilsíodh mar chuid d'fheachtas earcaíochta na Comhairle. Bhí




Fig. 5 | Sceideal na bhFógraí a Foilsíodh

| DÁTA | PRÍOMHTHEACHTAIREACHT | SPRIOCLUACHT |
|---|---|---|
| Meitheamh 2006 | Eolas ar sheiceáil agus ar chlárú | Gach múinteoir |
| Feabhra 2007 | Doiciméid thábhachtacha le cur amach ar 28 Feabhra 2007. Inis don Chomhairle má athraíonn tú seoladh nó scoil. | Múinteoirí iarbhunscoile |
| Márta 2007 | Cur i gcuimhne maidir leis na doiciméid chlárúcháin. | Gach múinteoir a bhí sa tseirbhís 28 Márta 2006 |



*"Sna teagmhálacha uile leis na meáin, feidhmíonn an Chomhairle de réir bunphrionsabail na hoscailteachta, na comhsheasmhachta agus na cúirtéise".*

an d'fhógraíocht comhlánaithe ag sainghníomhaíochtaí ar leith m.sh. cor poist chun na scoileanna agus altanna in irisí aontas na múinteoirí. Bíonn a leithéid úsáideach chun spriocanna cláraithe a chur in iúl agus d'eolas tábhachtach eile do mhúinteoirí nach bhfuil fostaithe faoi láthair agus/nó nach bhfuil mar bhaill, b'fhéidir, d'aon aontas múinteoirí.

Baineadh úsáid as fógraíocht i bprionta freisin do chlár earcaíochta foirne na Comhairle a bhí ar bun i mí na Nollag 2006 agus i mí Feabhra 2007.

### 4.1.9 | CAIDRIMH LEIS NA MEÁIN

Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta gur gcuireann na meáin bealach éifeachtach cumarsáide ar fáil maraon le bheith mar sprioc-ghrúpa teagmhála iontu féin. Tugtar faoin leas is fearr a bhaint as na deiseanna a bhíonn ar fáil, mar is cuí, chun proifíl na Comhairle a ardú, chun aird a dhíriú ar phríomhtheachtaireachtaí na Comhairle agus chun meas ar ghairm na múinteoireachta a chaomhnú.

Sna teagmhálacha uile leis na meáin, feidhmíonn an Chomhairle de réir bunphrionsabail na hoscailteachta, na comhsheasmhachta agus na cúirtéise. Seo thíos coimriú ar na príomhghníomhaíochtaí caidrimh a tharla leis na meáin i rith na bliana.

#### PREAS RÁITIS

D'éisigh an Chomhairle cúig Phreas Ráiteas chuig na meáin náisiúnta agus réigiúnacha. Ráitis áitiúla a bhí i ndá cheann acu seo chun freastal ar riachtanais réigiúnda na meáin.

#### ÓCÁIDÍ

Tugadh cuireadh d'ionadaithe ó na meáin chuig Ócáid Bhunaíochta na Comhairle agus chuig ócáid cheiliúraidh na chéad bhliana. Sa phleanáil don dá ócáid cuireadh ord na n-imeachtaí in oiriúint do sprioc-amanna na n-iriseoirí agus cuireadh deiseanna ar fáil don ghrianghrafadóireacht ar mhaithe leis na meáin a mhealladh chuig an dá ócáid. Ag an dá ócáid, tugadh deis d'ionadaithe na meán teagmháil a dhéanamh go díreach le hurlabhraí na Comhairle.

#### ALTANNA

Déanann an Chomhairle iarracht ar bhonn leanúnach altanna a chur i gcló i bhfoilseacháin éagsúla. Le linn na bliana, foilsíodh altanna ó Stiúrthóir nó ó Chathaoirleach

# 4 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE

na Comhairle san Irish Independent, i bPublic Affairs Ireland, in irisí Aontas na Múinteoirí, agus in irisí Comhdhálacha éagsúla ar a n-áirítear Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha.

### MONATÓIREACHT AR NA MEÁIN

Baineann an Chomhairle úsáid as seirbhísí áisínteachta monatóireachta meáin chun breith ar aon tagairtí don Chomhairle sna meáin agus meastóireacht a dhéanamh go leanúnach ar éifeacht a caidrimh poiblí. Tugann a leithéid de mhonatóireacht meáin deis don Chomhairle a bheith ar an eolas faoi nithe atá ag tarlú le heagraíochtaí gairmiúla.

## 4.1.10 | CÓRAS POIST DHÍREACH

Scríobh an Chomhairle go díreach chuig scoileanna ar 3 ócáid le linn na bliana. I bhformhór na gcor poist seo is go dtí na Príomhoidí a seoladh na litreacha, ach cuireadh cóipéanna ar fáil do mhúinteoirí. Tá an Chomhairle buíoch do Phríomhoidí as ucht a gcúnaimh maidir leis na doiciméid seo a dháileadh ar an bhfoireann. I dteannta le sin, mar chuid den phróiséas fíorúcháin a ndearnadh tagairt dó ar leathanach 23, scríobh an Chomhairle go díreach chuig múinteoirí .

Tá léiriú i bhFigiúir 6 ar na feachtais poist chuig na scoileanna a eagraíodh le linn na bliana.




Fig. 6 | Sceideal na gCor Poist chuig Scoileanna

| DÁTA | PRÍOMHTHEACHTAIREACHT |
|---|---|
| Bealtaine 2006 | Fíorúcháin ar shonraí múinteoirí ag tosnú go luath |
| Samhain 2006 | Dréacht Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí ar fáil anois le haghaidh tuairimí. |
| Eanáir 2007 | Cruinnithe liomatáistí leanúnacha faoi Dréacht Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí |

# 4 | CUMARSÁID AGUS TAIGHDE

## 4.1.11 | TEAGMHÁIL LE COMHLACHTAÍ IONADAÍOCHA

Cruthaíonn aontais mhúinteoirí, cumainn tuismitheoirí, eagraíochtaí ionadaíocha don bhainistíocht srl. deiseanna sár-luachmhara don Chomhairle chun teagmháil a dhéanamh leis na príomh pháirtithe éisteachta agus féachana acu. Le linn na bliana bhain an Chomhairle úsáid as na bealaí cumarsáide seo chun príomhtheachtaireachtaí a dhaingniú agus chun aischothú a fháil ar mórchuid de ghníomhaíochtaí na Comhairle.

## 4.2 | SAINAITHEANTAS CORPORÁIDEACH

Maraon le haon eagraíocht nua, ceann de na dúshláin chumarsáide is mó atá ag an gComhairle ná an eagraíocht a bhuanú in aigní na múinteoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile, ar bhealach cruinn comhsheasmhach. Cé go ndearnadh lógó na Comhairle a fhorbairt i 2005, déanadh a lán oibre i 2006 chun sainaitheantas corporáideach a fhorbairt. Cuireadh treoirlínte branda le chéile ar mhaithe le húsáid an lógó a rialú agus déanadh iad seo a scaipeadh ar dhearthóirí agus ar chlódóirí na Comhairle, rud a dheimhnigh aon stíl chorporáideach amháin a bheith in úsáid do ghnóthaí uile na Comhairle.

## 4.3 | SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bealaí cumarsáide a choimeád oscailte le dóibh siúd a bhaineann úsáid as a seirbhísí agus fáiltíonn sí roimh teagmhálacha i scríbhinn, ar an nguthán, ar ríomhpost nó trí theacht go pearsanta go dtí na hoifigí.

Tagann suas le 500 glaoch gutháin in aghaidh an lae chuig oifigí na Comhairle. I mí Márta 2007, bunaíodh uimhir Lóghlao, 1890 224 224, a cheadaíonn do mhúinteoirí agus do dhaoine eile teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle ar phraghas lóghlaó, is cuma cén áit óna mbíonn an glaoch ag teacht in Éirinn.

## 4.4 | SAORÁIL FAISNÉISE

Dearbhaíonn na hAchtanna um Saoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 (Acht SF) an ceart ag baill den phobal rochtan a bheith acu ar eolas oifigiúil chomh fada agus is féidir mar is fearr a oireann do leas an phobail agus don cheart ar phríomháideachas. De réir alt 29(7) d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 tá an Chomhairle faoi réir ag riachtanais an Achta um Saoráil Fáisnéise ó Lá na Bunaíochta. Níor tháinig aon iarratais ar eolas faoin Acht SF le linn na bliana.





## 4.5 | GAEILGE

Cé nach bhfuil an Chomhairle faoi réir ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, go fóill, tá sí tiomanta d'úsáid na Gaeilge aon uair is féidir a leithéid a dhéanamh agus tá grúpa oibre don Ghaeilge bunaithe chun freastal ar seo agus ar ghnóthaí eile.

Tá leaganacha ar leith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla de shuíomh idirlín na Comhairle, agus is é an scéal céanna é leis an nuachtlitir agus an DVD, agus roghnaíodh teideal i nGaeilge don dá ghné seo. Eisíodh na feachtais poist uile le linn na bliana go dátheangach agus is go dátheangach a cuireadh bileoga agus foilseacháin uile na Comhairle ar fáil.

Le linn na bliana rinne pearsanra na Comhairle plé le fiosrúcháin, ar ríomhphost nó ar an nguthán, trí Ghaeilge. Faoi 28 Márta 2007 bhí pleanáil ar bun do chúrsa oiliúna Gaeilge don fhoireann agus do bhaill na Comhairle.

## 4.6 | TAIGHDE

De réir Alt 7-(2)(j) d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta tá sé mar fheidhm ag an gComhairle "taighde ar nithe a bhaineann le cuspóirí na Comhairle a sheoladh nó a choimisiniú agus, de réir mar a mheasfaidh sí is cuí, na fionnachtana a éireoidh as an taighde sin a fhoilsiú i cibé foirm agus i cibé modh is cuí leis an gComhairle"

D'aontaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta polasaí taighde i mí Márta 2007 chun creatlach, ina gcuirfidh an Chomhairle a feidhm taighde i gcrích, a chur ar fáil. Beidh an cháipéis seo úsáideach freisin chun eolas a sholáthar don phobal gairmiúil - taighdeoirí, múinteoirí, Institiúidí Ard Oideachas agus daoine nó eagraíochtaí eile ar spéis leo an taighde.

Déanann Polasaí Taighde rianadh ar na critéir a bheidh á úsáid ag an gComhairle chun roghnú a dhéanamh ar na tosaíochtaí taighde, ar na bealaí a ndéanfar maoiniú ar thaighde, agus ar na bealaí éagsúla ina ndéanfar taighde a bhainistiú nó a choimisiniú. Leagann an polasaí síos freisin an bealach ina ndéanfar meastóireacht ar thairiscintí a conarthaí a bhronnadh.

Is féidir Polasaí Taighde na Comhairle a íoslódáil ón leathanach taighde ar an suiomh idirlín www.teachingcouncil.ie. Foilseofar liosta de thosaíochtaí taighde na Comhairle Múinteoireachta do gach bliain ar an suíomh idirlín sa gceathrú dheireanach den bhliain fhéilire roimh ré.













# 05 EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

Ní mór don Chomhairle eagraíocht éifeactach agus cost-éifeachtúil a reachtáil más mian léi a cuspóirí a bhaint amach maidir le cáilíocht na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú, an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm, an ghairm a rialú, agus cumarsáid agus taighde a dhéanamh. Dá réir sin ní mór struchtúir, córais agus cleachtais éifeachtacha a bhunú, agus ní mór an leas is fearr a bhaint as acmhainní an chomhlachta.

# 5 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

Ní mór don Chomhairle eagraíocht éifeactach agus cost-éifeachtúil a reachtáil más mian léi a cuspóirí a bhaint amach maidir le cáilíocht na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú, an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm, an ghairm a rialú, agus cumarsáid agus taighde a dhéanamh. Dá réir sin ní mór struchtúir, córais agus cleachtais éifeachtacha a bhunú agus a bhuanú, agus ní mór an leas is fearr a bhaint as acmhainní an chomhlachta.



## 5.1 | FEIDHMIÚ LE STRUCHTÚR COISTÍ

Mar atá luaite sa bhforbhreathnú ar leathanach 11 den Tuairisc seo, tá struchtúr coistí bunaithe ag an gComhairle a chuidíonn leis an mhór-obair a bhíonn ar bun aici. Le linn na bliana tionóladh mór-iomlán de seacht gcruinniú den Chomhairle agus 34 cruinniú Coiste. Maraon leis sin bhunaigh an Chomhairle grúpaí a bhí ag plé le Seiceáil, Nósanna Imeachta agus Gaeilge faoi seach. Tá sonraí na gcruinnithe a bhí ag gach coiste agus grúpa oibre le linn na bliana le fáil i bhFigiúr 7 thíos.

Fig. 7 | Sceideal Cruinnithe na Comhairle, Coistí na Comhairle agus Grúpaí Oibre na Comhairle go dtí 28 Márta 2007

| | LÍON NA GCRUINNITHE |
|---|---|
| An Chomhairle | 7 |
| An Coiste Feidhmiúcháin | 7 |
| An Coiste Clárúcháin | 7 |
| Na Coistí Imscrúdúcháin Agus araíonachta (comhchruinnithe) | 5 |
| An Coiste Oideachais | 8 |
| An Coiste Airgeadais | 7 |
| Grúpaí Oibre ar Nósanna Imeachta | 5 |
| Grúpa Oibre ar Sheiceáil | 3 |

# 5 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

### 5.1.1 | FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO NA BAILL

Bhí baill páirteach i gcláir fhorbairt ghairmiúil i mí Bealtaine agus arís i mí na Nollag 2006. Tionóladh na laethanta seo chun freastal ar riachtanais aitheanta maidir le comhthéacs oibre na Comhairle.

I mí Bealtaine 2006, ba é an príomh-chainteoir ná Alan Meyrick, Cláraitheoir Cúnta Comhairle Ginearálta na Múinteoirí i Sasana. Rinne an cur i láthair a bhí ag an uasal Meyrick tagairt do réimse nithe a bhain le gnóthaí araíonachta agus le nósanna imeachta do sheiceáil an Garda Síochána.

I mí na Nollag 2006, i measc na gcainteoirí bhí an tOllamh Tom Collins, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad a thug cur i láthair faoi ghairmiúlacht san oideachas, an tUas Denis McGrath ó Innealtóirí Éireann (EI) i láthair chun cur síos a dhéanamh ar athbhreithniú an EI ar na cláir triú leibhéal innealtóireachta, agus bhí cur i láthair freisin ag Brian Mooney ó Institiúid na dTreoirchomhairleoirí faoi roghanna gairme agus faoi chur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm.

### 5.2 | RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le cur chuige maith sa rialachas corporáideach go háirithe i ngeall ar a ról mar chomhlacht rialacháin. Mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil na Comhairle labhair ionadaithe ón bhforas Riaracháin, An Bord Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Comhairle Múinteoireachta Ginearála Thuaisceart Éireann le baill den Chomhairle ar nithe a bhaineann leis an rialachas corparáideach.

### 5.2.1 | NÓSANNNA IMEACHTA

Bunaíodh coiste oibre ar nósanna imeachta agus tháinig an coiste le chéile cúig uaire le linn na bliana. D'éirigh leis an gComhairle, tríd an ngrúpa seo, Cód Iompar do bhaill agus don fhoireann a chur le chéile. Tá an-dul chun cinn déanta freisin ag an ngrúpa maidir le Cód Cleachtais a dhréachtadh de réir na dTreoirlínte atá sa Chód Cleachtas um Rialachas Corporáideach na gComhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Déanfaidh an dréacht Cód Cleachtais seo cur síos ar róil, ar fhreagrachtaí agus ar chaidrimh na Comhairle, na mball, na gcoistí, an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra. Tá an grúpa tar éis tosú freisin ar an obair don chéad toghachán eile de bhaill múinteoirí na Comhairle a tharlóidh i 2009.

### 5.2.2 | COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá Coiste Inniúchóireachta bunaithe ag an gComhairle agus tá faomhadh tugtha do théarmaí tagartha agus do bhallraíocht an choiste seo. Déanfaidh an coiste nua-bhunaithe seo monatóireacht ar chórais agus ar chleachtais na Comhairle go háirithe maidir le gnóthaí oideachais.

### 5.2.3 | COMHAIRLE DLÍ

Mar thoradh ar chóras taraiscintí iomaíocha cheap an Chomhairle dhá ghnólacht chun comhairle dlí a chur ar fáil agus chun cuidiú leanúnach a chur ar fáil dá cuid oibre.

# 5 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

## 5.3 | BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

### 5.3.1 | ACMHAINNÍ DAONNA

Tar éis comórtais oscailte a reachtáil tá tacaíocht ar fáil anois ag an gComhairle ó fhoireann phearsanra ar leith. Tá fáil ar struchtúr bainistíochta na Comhairle in Aguisín 3. Ag deireadh na bliana, bhí faomhadh tugtha don Chomhairle do leibhéal foirne 28.5.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an eagrú agus struchtúr a bhí aici ar ualaigh oibre agus cuireadh iarratas faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaichta maidir le foireann bhreise a sholáthar. Ceadaíodh a leithéid agus tosaíodh ar thréimhse earcaíochta eile i mí Feabhra 2007. Rinne an Chomhairle, freisin, baill foirne sealadacha a earcú i rith na bliana chun cuidiú leis na héilimh ghearr-thréimhseacha i ngnóthaí ar nós Seiceáil an Gharda Síochána Agus Dearbhú Fíricí.

Thosaigh an Chomhairle fresin ar chóras foirmeálta d'ionduchtú foirne a fhorbairt agus ar oiliúint agus forbairt leanúnach foirne.

### 5.3.2 | AIRGEADAS

Bíonn léirthuiscint ag an gCoiste Airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle, ina measc ullmhúchán an bhuiséid bhlaintúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le curamaí ginearálta riarachán. Bhí 7 gcruinniú ag an gcoiste seo le linn na bliana

Rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar an gComhairle le linn a tréimhse bunaidh agus de réir Alt 21 d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, ceadaítear maoiniú don Chomhairle ón Aire go ceann dhá bhliain tar éis a bunú. Trí mhilliún a bhí mar bhuiséad ag an gComhairle don bhliain airgeadais 2006 agus d'fheidhmigh an Chomhairle laistigh den bhuiséad seo. Bhí mór-chostais ag baint le cóiríocht agus troscánú oifigí na Comhairle i Maigh Nuad, agus le costais an nua-infreastruchtúr a bhunú (ar a n-áirítear bunachar sonraí an chlárúcháin) agus costais foirne. Tá Ráiteas Iniúchta Airgeadais na Comhairle don bhliain 2006 ar fáil in aguisín 4.

#### TÁILLE CLÁRÚCHÁIN

Tá sé dlite, de réir Alt 23 den Acht go mbeidh féin-mhaoiniú i gceist don Chomhairle agus gur é a bheidh mar bhunchloch leis an bpróiseas seo ná táille athnuacha a bheidh le híoc ag gach múinteoir cláraithe. Sa bhliain dár críoch 28 Márta 2007, d'fhiosraigh an Chomhairle, tríd na Coistí Airgeadais agus Feidhmiúcháin, leibhéal an táille a bheadh le

*"Tar éis comórtais oscailte a reachtáil tá tacaíocht ar fáil anois ag an gComhairle ó fhoireann phearsanra ar leith".*

# 5 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

gearradh ar mhúinteoirí agus cuireadh moladh ina leith seo faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta mar atá dlite freisin in Alt 23 den Acht.

## 5.3.3 | TEC

Rinne an Chomhairle an-dul chun cinn i gcaitheamh na bliana maidir le córas TEC, córas a cuireadh in oiriúint go speisialta do riachtanais na Comhairle, a bhunú agus a bhainistiú.

### AN FHORBAIRT AR AN MBUNACHAR SONRAÍ CLÁRÚCHÁIN

I mí na Nollag 2005 a críochnaíodh sonraíocht feidhmiúcháin do bhunachar sonraí an chlárúchain agus cuireadh iarratas amach do thairiscintí don dearadh agus don chur i bhfeidhm. Cuireadh é seo ar fáil ó chianshuíomh toisc nach raibh infrastruchtúir TEC na Comhairle ar fáil ag an am. Le linn na bliana cuireadh deireadh leis seo nuair a lonaíodh an bunachar sonraí in oifigí na Comhairle. Tá roinnt mhór oibre déanta chun an bunachar sonraí a fhorbairt agus chun freastal ar riachtanais stórála na Comhairle don bhunachar sonraí. Déanadh an-dul chun cinn freisin ar chomhéadán poiblí an chláir a dhearadh, rud a cheadóidh d'fhostóirí, do thuismitheoirí agus do bhaill eile den phobal eolas a rochtan ar stádas clárúcháin mhúinteoirí.

### LÍONRA INFREASTRUCHTÚIR INMHEÁNACH

Cuireadh líonra infreastruchtúr nua-aimseartha isteach in oifigí na Comhairle ar a n-áirítear seomra don fhreastalaí agus fearas crua-earraí ríomhaireachta. Cuireadh isteach líonra todhchaí-dhíonach a cheadaíonn luais aistrithe inmheánacha os cionn 1 Gb./sec. Déanadh córas cumhachta dobhriste (UPS) a choimisiniú a choimeádfaidh cumhacht an fhreastalaí agus an ghutháin ar feadh roinnt laethanta má tharlaíonn briseadh cumhachta. Cuireadh isteach freisin raon córais slandála, brathadóirí frith-ionraidh, agus scag-chórais chun an líonra a chosaint óna úsáideoirí.

### INFREASTRUCHTÚR SEACHTRACH

Maidir le hinfreastruchtúr seachtrach, tá ceangal sonraí 10 Mb. ag an gComhairle le gréasán VPN an Rialtais trí nasc micreathonn. Tá dhá gcinn fhreastalaí dhéag ag coimeád na gcóras TEC ar a n-áirítear bunachar sonraí an chlárúcháin, stóráil comhad, agus na córais airgeadais. Bunaíodh córas athshlánúcháin do shonraí cartlainne/tubaiste ar a n-áirítear cóip cúltaca gach oíche ar shonraí chriticiúla chuig téip leabharlainne agus chuig diosca. Bailítear na sonraí cúltaca go seachtainiúil agus déantar iad a stóráil i gcianstóras. Baineadh triail go minic i gcaitheamh na bliana as athshlánú chun a dheimhniú nach mbeadh an Chomhairle i gcruachás maidir le heolas a chailliúint.





# 5 | EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS COST-ÉIFEACHTÚIL A REACHTÁIL

**CÓRAS GUTHÁIN**

Cuireadh isteach córas gutháin Prótacal Idirlín Guthaithe (VOIP) ar féidir é a mhéadú de réir mar a mheadaíonn líon na foirne agus riachtanais na Comhairle. Glactar leis go ndéanfar uasghrádú ar an gcóras gutháin sa bhliain atá romhainn chun gnéithe breise a cheadú ar nós bainistiú glaochanna agus roghanna dátheangacha.

**BAINISTÍOCHT CÓRAS**

Tá an chomhairle ag forbairt córais feabhsaithe le haghaidh iarratas gutháin de mar a mhéidíonn líon na foirne. Ceapadh Bainisteoir Córas IT chun a dheimhniú go mbíonn na córais IT atá curtha isteach ag feidhmiú go leanúnach, agus chun súil a choinneáil ar roinnt córas agus seirbhísí nua atá á gcur isteach don Chomhairle agus dá foireann. Tá a lán dul chun cinn déanta ar dhréachtadh agus ar chur le chéile réimse doiciméad inmheánacha maidir le cleachtas agus cur chuige an IT.

## 5.3.4 | CÓIRÍOCHT

Tá an Chomhairle lonnaithe in oifigí shaindeartha i gCampas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Bíonn na hoifigí oscailte don phobal ó 9.00 r.n. go dtí 5.00 i.n. Luan go hAoine agus tá spas sna hoifigí sin d'fhoireann na Comhairle maraon le seomra acmhainní agus seomraí cruinnithe do chruinnithe na Comhairle, na gCoistí agus do chruinnithe eile.

## 5.3.5 | BAINISTÍOCHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Is mór ag an gComhairle Mhúinteoireachta sláinte agus sabhháilteacht gach ball foirne agus iad siúd a thagann ar cuairt chuig an ionad oibre. Is é polasaí na Comhairle Múinteoireachta an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh ina iomláine maraon le gach reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le sláinte agus sabhháilteacht. Dá réir sin, bunaíodh Coiste Sábháilteachta ó bhaill d'fhoireann na Comhairle agus bhí an chéad chruinniú ag an ngrúpa seo ar 26 Eanáir 2007.

Le roinnt mí anuas, tríd an gCoiste sin, tá measúnú priacail déanta ag an gComhairle agus tá ráiteas sábháilteachta dréachtathe chomh maith. Déanann an ráiteas sábháilteachta cur síos ar chlár na Comhairle chun sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a bhainistiú mar atá dlite in Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Nuair a bhíonn sé seo aontaithe ag an gComhairle, beidh an ráiteas sábháilteachta ar fáil i bpacáiste ionduchtaithe na foirne agus cuirfear é ar fáil d'aon duine a bhíonn ag obair don Chomhairle.







# AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1
Baill na Comhairle 2005 go 2009

AGUISÍN 2
Coistí agus Grupaí Oibre na Comhairle

AGUISÍN 3
Struchtúr Bainistíochta na Comhairle

AGUISÍN 4
Ráitis Airgeadais Iniúchta

## AGUISÍN 1

## BAILL NA COMHAIRLE 2005 GO 2009 - ag 28 Márta 2007

| BALL | | RANNÓG |
|---|---|---|
| Mr. Christy Carroll | Tofa | Scoileanna Bunleibhéil (ceaptha Meán Fómhair 2006) |
| Prof. Peadar Cremin | Ainmní | Coláistí Oideachais |
| Ms. Lily Cronin | Tofa | Scoileanna Iarbhunleibhéail Dheonacha |
| Mr. Oliver Donohoe | Ainmní | Aire (ICTU) |
| Professor Sheelagh Drudy | Ainmní | Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal |
| Mr. Derek Dunne | Ainmní | AMÉ (TUI) |
| Ms. Emer Egan | Ainmní | Aire |
| Dr. Jim Gleeson | Ainmní | Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal |
| Mr. Tommy Glynn | Tofa | Scoileanna Gairmoideachais |
| Ms. Susie Hall | Tofa | Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha |
| Sr. Darina Hosey | Ainmní | Coláistí Oideachais |
| Mr. Jack Keane | Tofa | Scoileanna Iarbhunleibhéail Dheonacha |
| Mr. Justin MacCarthy | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Mr. Christopher Maginn | Ainmní | CMMÉ (ASTI) |
| Mr. Gerry Malone | Ainmní | CMÉ (INTO) |
| Dr. Kevin Marshall | Ainmní | Aire (IBEC) (ceaptha Eanáir 2007) |
| Ms. Anita McCann | Ainmní | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) |
| Ms. Anne McElduff | Ainmní | CMÉ (INTO) |
| Mr. Patrick McQuaile | Tofa | Scoileanna Gairmoideachais |
| Ms. Dympna Mulkerrins | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |

| BALL | | RANNÓG |
|---|---|---|
| Ms. Máire Ní Laoire | Ainmní | CMMÉ (ASTI) |
| Tomás Ó Cruadhlaoich, Uas. | Ainmní | Aire |
| Mícheál Ó Gríofa, Uas. | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Mr. George O'Callaghan | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Iarbhunleibhéal) |
| Ms. Maree O'Connell | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Msgr. Dan O'Connor | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) |
| Ms. Deirdre O'Donoghue | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) |
| Mr. Kieran O'Driscoll | Ainmní | Aire |
| Ms. Bernadine O'Sullivan | Tofa | Scoileanna Iarbhunleibhéail Dheonacha |
| Ms. Eleanor Petrie | Ainmní | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunleibhéal) |
| Mr. Dermot Quish | Tofa | Iarbhunleibhéal Deonach |
| Mr. Seán Rowley | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Ms. Jacqueline Sheil | Ainmní | AMÉ (TUI) |
| Ms. Jacinta Stewart | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Iarbhunleibhéal) |
| Mr. Milo Walsh | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Ms. Eileen Ward | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Ms. Joan Ward | Tofa | Scoileanna Bunleibhéail |
| Ms. Mary Culhane | Tofa | Bunleibhéal (éirithe as Feabhra 2006) |
| Mr. Frank Turpin | Ainmní | Aire (IBEC) (éirithe as Meán Fómhair 2006) |

## AGUISÍN 2

## COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE NA COMHAIRLE - ballraíocht ó 28 Márta 2007

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE FEIDHMIÚCHÁIN |
|---|
| Joan Ward (Cathaoirleach) |
| Derek Dunne |
| Emer Egan |
| Dr. Jim Gleeson |
| Susie Hall |
| Gerry Malone |
| Anne McElduff |
| Tomás Ó Cruadhlaoich |
| Bernadine O'Sullivan |
| Eleanor Petrie |
| Jacqueline Sheil |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE ARAÍONACHTA |
|---|
| Joan Ward (Cathaoirleach) |
| Lily Cronin |
| Emer Egan |
| Jack Keane |
| Justin MacCarthy |
| Anita McCann |
| Pat McQuaile |
| Christy Carroll |
| George O'Callaghan |
| Moinsíneoir Dan O'Connor |
| Jacqueline Sheil |
| Eileen Ward |
| Dr. Kevin Marshall |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE OIDEACHAIS |
|---|
| Gerry Malone (Cathaoirleach) |
| Lily Cronin |
| Oliver Donohoe |
| Dr. Jim Gleeson |
| Tommy Glynn |
| Sr. Darina Hosey |
| Dr. Kevin Marshall |
| Pat McQuaile |
| Dympna Mulkerrins |
| Deirdre O'Donoghue |
| Dermot Quish |
| Jacinta Stewart |
| Eileen Ward |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE IMSCRÚDAITHE |
|---|
| Susie Hall (Cathaoirleach) |
| Oliver Donohoe |
| Derek Dunne |
| Tommy Glynn |
| Maree O'Connell |
| Micheál Ó Gríofa |
| Christy Maginn |
| Deirdre O'Donoghue |
| Eleanor Petrie |
| Jacinta Stewart |
| Milo Walsh |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE CLÁRÚCHÁIN |
|---|
| Derek Dunne (Cathaoirleach) |
| Prof. Peadar Cremin |
| Prof. Sheelagh Drudy |
| Jack Keane |
| Justin MacCarthy |
| Pat McQuaile |
| Máire Ní Laoire |
| George O'Callaghan |
| Msgr. Dan O'Connor |
| Tomás Ó Cruadhlaoich |
| Kieran O'Driscoll |
| Micheál Ó Gríofa |
| Seán Rowley |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AIRGEADAIS |
|---|
| Bernadine O'Sullivan (Cathaoirleach) |
| Anita McCann |
| Kieran O'Driscoll |
| Seán Rowley |
| Jacqueline Sheil |

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA |
| --- |
| Sr. Darina Hosey (Cathaoirleach) |
| Emer Egan |
| Jacqueline Sheil |
| Oliver Donohue |
| Dr. Kevin Marshall |
| Kieran O'Driscoll |
| Bernadine O'Sullivan |


| BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA OIBRE AR STEL |
| --- |
| Eleanor Petrie (Cathaoirleach) |
| Tommy Glynn |
| Máire Ní Laoire |
| Maree O'Connell |
| Kieran O'Driscoll |
| Milo Walsh |
| Sr. Darina Hosey |

| BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA OIBRE AR NÓSANNA |
| --- |
| Mícheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) |
| Pat McQuaile |
| Bernadine O'Sullivan |
| Brendan O'Dea (Leas-stiúrthóir) |

| BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA OIBRE AR AN nGAEILGE |
| --- |
| Máire Ní Laoire |
| Tomás Ó Cruadhlaoich |
| Eileen Ward |
| Joan Ward |
| Áine Lawlor (Stiúrthóir) |

## AGUISÍN 3

## STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA - ag 28 Márta 2007



## AGUISÍN 4

## RÁITEAS AIRGEADAIS INIÚCHTA DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

### AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

**Cathaoirleach**
Joan Ward

**Leaschathaoirleach**
Susie Hall

**Stiúrthóir**
Áine Lawlor

**Leas-stiúrthóir**
Brendan O'Dea (ceaptha Feabhra 2007)
Alan Wall (d'éirigh as Feabhra 2007)

**Baill na Comhairle**
Christy Carroll (ceaptha Meán Fomhair 2006)
Prof. Peadar Cremin
Lily Cronin
Oliver Donohoe
Derek Dunne
Prof. Sheelagh Drudy
Emer Egan
Dr. Jim Gleeson
Tommy Glynn
Susie Hall
Sr. Darina Hosey
Jack Keane
Justin MacCarthy
Christopher Maginn
Gerry Malone
Dr. Kevin Marshall (ceaptha Eanáir 2007)
Anita McCann
Anne McElduff
Patrick McQuaile
Dympna Mulkerrins
Máire Ní Laoire
Maree O'Connell
Msgr. Dan O'Connor
Tomás Ó Cruadhlaíoch
Deirdre O'Donoghue
George O'Callaghan
Kieran O'Driscoll
Mícheál Ó Gríofa
Bernadine O'Sullivan
Eleanor Petrie
Dermot Quish
Jacqueline Sheil
Jacinta Stewart
Frank Turpin (a d'éirigh as 18 Meán Fómhair 2006)
Seán Rowley
Milo Walsh
Eileen Ward
Joan Ward

## AGUISÍN 4

## RÁITEAS AIRGEADAIS INIÚCHTA DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

### AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | Anne Brady McQuillans DFK<br>Cúntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe<br>Cúirt Iveagh<br>Bóthar Harcourt<br>Áth Cliath 2 |
| **Seoladh Gnó** | Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Príomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara<br><br>Banc AIB plc<br>Príomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara |
| **Eolas Faoin gComhairle** | |
| **Dlíodóirí** | McDowell Purcell Partnership Solicitors<br>Foirgneamh Capel<br>Mainistir Mhuire<br>Áth Cliath 7<br><br>Arthur Cox Solicitors<br>Lárionad Earlsfort<br>Ardán Earlsfort<br>Áth Cliath 2 |

## RÁITEAS AIRGEADAIS INIÚCHTA DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*


| | |
|---|---|
| Tuairisc na Comhairle | 60 |
| Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle | 61 |
| Tuairisc Neamhspleách na nIniúchóirí | 62 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 64 |
| Clár Comhardaithe | 65 |
| Ráiteas Sreabhadh Airgid | 66 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 66 |

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Tuairisc na Comhairle don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2006

Cuireann an Chomhairle i láthair an chéad tuairisc maraon le ráitis airgeadais don tréimhse ó 28 Márta 2006 (dáta na bunaíochta) go dtí 31 Nollaig 2006. Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar 28 Márta 2006 de réir Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghnó

Is é príomhghnó na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar ghairm ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin a rialú i ngairm na múinteoireachta.

### Torthaí

Is é an barrachas a bhí ann don tréimhse tar éis luachlaghdú agus cánachas ná €32,898.

### Leabhair Chuntais

Tá sé dlite ag Alt 18 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, go bhfuil an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag aon am conas mar atá cuntas airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sóchmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna cuí a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint. Coimeádtar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

### Iniúchóirí

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta Anne Brady McQuillans DFK mar iniúchóirí le linn na tréimhse agus tá sé léirithe acu go bhfuil siad sásta leanacht leis an obair seo.

### Imeachtaí i ndiaidh Dáta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon chúinsí ná imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a éilíonn ceartú, nó nochtadh, sna ráitis chuntais ná sna nótaí a ghabhann leo.

Ar son na Comhairle

**JOAN WARD**
**Cathaoirleach**
**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

**ÁINE LAWLOR**
**Stiúrthóir**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Ráiteas i Leith Freagrachtaí na Comhairle do na Ráitis Airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as ucht na Tuairisce agus na Ráitis Airgeadais mar atá dlite agus cuí de réir dlí na hÉireann agus de réir Gnáthchleachtais Cuntasaíochta in Éirinn ar a n-airítear na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus mar atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí go n-ullmhódh an Chomhairle ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais agus go ndéanfaí iontu cur síos cothrom agus fíor ar chúrsaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle, agus na ráitis airgeadais á ullmhú acu, go ndéanfaidís:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh a bhíonn réasúnta agus stuama
- na cúntais airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach ach amháin má bhíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh síad leis na riachtanais thuasluaite nuair a bhí na ráitis airgeadais á ullmhú acu.

Tá freagracht ar an gComhairle leabhair chuntais cearta a choimeád, a léiríonn go sách cruinn ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcleachtas cuntasaíochta is gnáthach in Éirinn agus de réir dlí reachtúil na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sóchmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin na céimeanna is gá a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint.

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine an ghréasáin idirlín. D'fhéadfadh go mbeadh reachtaíocht na hÉireann maidir le hullmhú agus le dáileadh na ráitis airgeadais éagsúl ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ar son na Comhairle

Joan Ward

**JOAN WARD**
**Cathaoirleach**

Áine Lawlor

**ÁINE LAWLOR**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do Bhaill na Comhairle Múinteoireachta

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006 ar a n-áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí ábharthacha. Déanadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir coinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na bpolasaithe a bhaineann leis sin.

Is do bhaill na Comhairle amháin atá an tuairisc seo ullmhaithe, mar chomhlacht de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Dhéanamar an obair iniúchaidh ionnas go bhféadfaimís baill na Comhairle a chur ar an eolas faoi na gnéithe sin ar gá dúinn ráiteas a dhéanamh orthu i dtuairisc na n-iniúchóirí, agus gan aon ghnó eile i gceist. Chomh fada agus a cheadaíonn an dlí ní ghlacaimid nó ní thógaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas do bhaill na Comhairle mar chuideachta, dár n-obair iniúchaidh, don tuairisc seo, ná do na tuairimí atá léirithe againn.

### Freagrachtaí ar leithligh don Chomhairle agus do na hIniúchóirí

Tá freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais á gcur ar fáil de réir dlí na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éireann (Gnáthchleachtais Cuntasaíochta in Éirinn) leagtha síos sa Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainne ná in iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar a éilíonn ceanglas dlithiúil agus rialála na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim maidir le fírinne agus cothromaíocht na ráiteas airgeadais, de réir Gnáthchleachtas dlí na hÉireann Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh. Tuairiscímid freisin gur é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais cuí, agus go raibh an t-eolas a tugadh i dTuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais. Mar aon leis sin, léirímid má tá an t-eolas uile faighte againn agus na míniúcháin is gá dar linn ar ár n-iniúchadh, agus má tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Tá an t-eolas eile atá i dTuairisc na Comhairle léite againn agus chuireamar sa áireamh an tslí ina raibh an t-eolas seo ag réiteach leis na ráitis airgeadais. Níl i gceist leis an eolas eile seo ach Tuairisc na Comhairle. Táimid san airdeall maidir le himpleachtaí ár dtuairisce má thagann eolas chugainn maidir le míchruinneas ráiteas nó neamhchomhsheasmhacht ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le haon eolas eile seachas seo.

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Bunús don Dearcadh Iniúchaidh

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire) atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Mar chuid den iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhíonn bainteach leis na méideanna agus an nochtadh a tugadh sna ráitis airgeadais. Áiritear mar ghnó freisin measúnú ar na meastóireachtaí agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus má bhí na polasaithe cúntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta, maraon len iad a bheith curtha i gcrích go seasta agus dóthain léirithe tugtha orthu.

Rinneamar pleanáil agus cur i gcrích ar ár dtuairisce ar bhealach go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin a shíleamar a bhí riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise againn chun bheith muiníneach go leor go raibh na ráitis airgeadais saor ó ráitis mhíchruinn ábhartha, pé acu go calaoiseach, trí mhírialtacht nó trí bhotún. Agus ár dtuairim á chur le chéile againn rinneamar meastóireacht freisin ar shástach iomlán leibhéal an eolais a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir Gnáthchleachtais Cuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na heagraíochta ar 31 Nollaig 2006 agus ar na torthaí dár críoch an dáta sin, agus gur ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanas dlí na hÉireann agus Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, san áireamh.

Tá an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir againn a shílimid a bheith riachtanach do ghnóthaí an iniúchaidh. Is é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

## Tuairisc Neamhspleách na nIniúchóirí chuig Baill na Comhairle Múinteoireachta

Is é ár dtuairim go bhfuil an an t-eolas atá tugtha i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cúntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Iveagh**
**Sráid Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Cuntas Ioncaim agus Caitheachais don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006

| | | An tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nótaí** | € |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | | 999,143 |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnúcháin | | 141,308 |
| Táillí Iarratais | | 1,000 |
| Ioncam eile | | 537 |
| **Iomlán an Ioncaim** | 2 | 1,141,988 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Cóiríochta | | (124,618) |
| Costais Foirne | 4 | (468,728) |
| Costais Riarachán eile | | (171,622) |
| Costais Cúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe | | (88,777) |
| Gníomhaíochtaí Clárúcháin agus Fíorúcháin | | (109,515) |
| Costais Teicneolaíochta an Eolais | | (23,110) |
| Gníomhachtaí Cumarsáide agus Oideachais | | (109,173) |
| Luachlaghdú | | (13,547) |
| **Iomlán an Chaiteachais** | | (1,109,090) |
| | | |
| **Barrachas roimh cháin ar ghnáth ghníomhaíochtaí** | 3 | 32,898 |
| | | |
| Cáin | 5 | - |
| | | |
| **Barrachas i ndiaidh cáin ar ghnáth ghníomhaíochtaí** | | 32,898 |

Níl aon ghnóthchana ná cailliúintí aitheanta seachas an toradh don tréimhse airgeadais thuasluaite. D'eascair an toradh don tréimhse go hiomlán ó na hoibríochtaí leanúnacha.
Tá na nótaí ar leathanaigh 67 go dtí 70 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.
Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar 3 Deireadh Fómhair 2007 agus tá siad sínithe dóibh ag

Joan Ward ..................

**JOAN WARD**
**Cathaoirleach**
**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

Áine Lawlor ..................

**ÁINE LAWLOR**
**Stiúrthóir**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Clár Comhardaithe
## mar a bhí ag 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sóchmhainní Seasta** | | | |
| Sóchmhainní inláimhsithe | 6 | | 169,302 |
| Infheistíochtaí | 7 | | 34,395 |
| | | | 203,697 |
| **Sóchmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 12,046 | |
| **Creidiúnaithe: na méideanna a bheidh le híoc laistigh den bhliain** | 8 | (182,845) | |
| **Dliteanais Iomlán Reatha** | | | (170,799) |
| **Iomlán na Sóchmhainní seachas Dliteanais Reatha** | | | 32,898 |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí ag an dúnadh | 9 | | 32,898 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 32,898 |

Tá na nótaí ar leathanaigh 67 go dtí 70 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar 3 Deireadh Fómhair 2007 agus tá siad sínithe dóibh ag

Joan Ward

**JOAN WARD**
**Cathaoirleach**
**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

Áine Lawlor

**ÁINE LAWLOR**
**Stiúrthóir**

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
## don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006

| | 2006 Nótaí | € |
|---|---|---|
| **Imréiteach ar bharrachas oibríochtúil go sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla** | | |
| Barrachas oibríochtúil | | 32,898 |
| Luachlaghdú | | 13,547 |
| Méadú sna creidiúnaithe | | 182,845 |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla** | | 229,290 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla** | | 229,290 |
| **Caiteachas caipitíochta agus infheistiú airgeadais** | 11 | (217,244) |
| **Méadú ar airgead tirim sa tréimhse sin** | | 12,046 |
| **Imréiteach ar insreabhadh airgid chuig gluaiseacht in airgead glan** | 12 | |
| **Airgead glan ag 31 Nollaig 2006** | | 12,046 |

## Nótaí faoin Ráiteas Airgeadais
## don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

#### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir gnáthphrionsabail na cúntasaíochta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ag teacht le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais, mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

#### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus an t-airgead a fuarthas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an ioncam ó tháillí clárúcháin a fuarathas le linn na tréimhse. Déantar an t-ioncam/na táillí uile a fhaightear a chuntas a luaithe agus a thagann siad.

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

**1.3. Sóchmhainní Seasta Inláimhsithe agus Luachlaghdú**
Déantar luachlaghdú a sholáthar ag rátaí a dhéanann an costas a chealú lúide luach iarmharach gach sóchmainn ar an faid saoil a mbeifí ag súil leis, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Daingneáin, Feistithe agus Trealamh | - | 10% líne díreach |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 25% líne díreach |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 10% líne díreach |

**1.4. Infheistíochtaí**
Sonraítear Infheistíochtaí Sochmháinní ar a chostas.

**1.5. Airgid Choigríocha**
Déantar sóchmhainní agus fiachais airgeadais a thagann in airgid choigríocha a aistriú chuig an Euro ag na rátaí a bhíonn ar fáil ar lá na cuntasaíochta. Déantar idirbhearta in airgid choigríocha a chlárú ar lá na n-idirbhearta. Déantar na difríochtaí uile a thabhairt chuig an gCuntas Ioncam agus Caiteachais.

**2. Ioncam**
Tá ioncam na heagraíochta don tréimhse faighte óna príomhghníomhaíocht a tharlaíonn go hiomlán in Éirinn.

| **3. Barrachas Oibríochtúil** | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Tá barrachas oibriochtúil luaite tar éis costais: | |
| Luachlaghdú | 13,547 |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | 6,655 |

Sa tréimhse roimh bhunú na Comhairle Múinteoireachta agus le linn na tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2006 bhí caiteachas €1,761,119 ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i ngeall ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Bhain an caiteachas seo le caiteachas caipitíochta agus costais leanúnacha na Comhairle Múinteoireachta. Níl an costas san áireamh sna ráitis airgeadais seo:

Discaoileadh an Chomhairle Clárúcháin ar 28 Márta 2006 agus de réir Alt 49 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 athraíodh gach airgead, sóchmhainní agus dliteanais den Chomhairle Clárúcháin go dtí an Chomairle Mhúinteoireachta.

AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA
*The Teaching Council*

| | |
|---|---|
| **4. Fostaithe** | **2006** |
| **4.1 Líon na bhfostaithe** | |
| Ba é meán uimhir míosúil na bhfostaithe (lasmuigh de bhaill na Comhairle) le linn na tréimhse: | |
| **4.2** Oifig agus bainistíocht | 10 |

| **Costais fostaíochta** | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Pánna agus tuarastail | 354,452 |
| Costais slándála sóisialaí | 29,674 |
| Costais earcaíochta | 61,833 |
| Costais eile pinsean | 10,285 |
| Costais eile párolla | 12,484 |
| | 468,728 |

**5. Cáin**

Tá díolmhaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ó Cháin Chorporáide maidir lena gníomhaíochtaí. Tá dualgas cánach i gceist le hioncam éighníomhach, más ann dó, (ar nós ús ar thaiscí).

**6. Sóchmhainní Seasta**

| | Daingneáin & Feistithe | Bogearraí Ríomhaireachta | Trealamh Ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Ag 28 Márta 2006 | - | - | - | - |
| Aguisíní | 42,925 | 66,878 | 73,046 | 182,849 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 42,925 | 66,878 | 73,046 | 182,849 |
| **Luachlaghdú** | | | | |
| Ag 28 Márta 2006 | - | - | - | - |
| Costas don tréimhse | 1,963 | 2,416 | 9,168 | 13,547 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 1,963 | 2,416 | 9,168 | 13,547 |
| **Glanluach leabhar** | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 40,962 | 64,462 | 63,878 | 169,302 |

## 7. Infheistíochtaí

| | Bannaí Rialtais | Iomlán |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costas** | | |
| Ag 28 Márta 2006 | - | - |
| Aguisíní | 34,395 | 34,395 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 34,395 | 34,395 |
| **Foráil maidir le laghdú luacha:** | | |
| Ag 28 Márta 2006 | - | - |
| Gluais | - | - |
| Ag 31 Nollaig 2006 | - | - |
| **Glanluach Leabhar** | | |
| ag 31 Nollaig 2006 | 34,395 | 34,395 |

Tá san Infheistíochtaí bannaí agus stoic Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos aired orthu ná an luach a léirítear.

| **8. Creidiúnaithe: an méid a bheidh dlite laistigh de bhliain** | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Creidiúnaithe trádála | 117,380 |
| Creidiúnaithe eile | 10,285 |
| Fabhraithe | 55,180 |
| | 182,845 |

## 9. Cúlchistí

| | Cúlchiste ginearálta |
|---|---|
| | € |
| **Ag 28 Márta 2006** | - |
| Barrachas don tréimhse | 32,898 |
| **Ag 31 Nollaig 2006** | 32,898 |

**10. Páirtithe Rialúcháin**

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta rialaithe ag baill na Comhairle. Is é an tAire Oideachais agus Eolaíochta an páirtí rialtaithe bunaidh.

**11. Ollshreabhadh Airgid Thirim**

| | 2006 |
|---|---|
| | € |
| **Caiteachas Caipitíochta agus infheistiú airgeadais** | |
| Íocaíochtaí chun sóchmhainní inláimhsithe a fháil | (182,849) |
| Infheistíochtaí faighte | (34,395) |
| | (217,244) |

**12. Anailís ar athruithe na nGlanchistí**

| | Iarmhéid tosaigh | Sreabhaidh airgid thirim | Iarmhéid deiridh |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | - | 12,046 | 12,046 |
| Glanchistí | - | 12,046 | 12,046 |

**13. Faomhadh do na Ráitis Airgeadais**

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais ar 3 Deireadh Fómhair 2007 agus á siad sínithethar a ceann ag

**JOAN WARD**
**Cathaoirleach**

**ÁINE LAWLOR**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 3 Deireadh Fómhair 2007**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Cill Dara

Guthán

**+353 1 651 7900**

R-phost
**eolas@teachingcouncil.ie**



**www.teachingcouncil.ie**

*Foilsithe i mí na Nollag 2007 ag an gComhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.*

*© Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras athghabhála, nó a tharchur in aon fhoirm nó ar aon mhodh, go leictreonach, go meicniúil, thrí choipeáil, thaifead nó eile, gan cead roimh ré ón gComhairle Mhúinteoireachta*